AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.7.2024
COM(2024) 285 final

ANNEXES 1 to 2

IARSCRÍBHINNÍ

ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Phrótacal (2024-2029) Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau

IARSCRÍBHINN 1

PRÓTACAL (2024-2029) maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau

Airteagal 1

Cuspóir

Is é is cuspóir don Phrótacal seo forálacha an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau[1] (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) a chur chun feidhme go háirithe trí choinníollacha rochtana soithí de chuid an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta) ar limistéar iascaireachta Phoblacht Ghuine Bissau (dá ngairtear 'Guine Bissau' anseo feasta) chomh maith le forálacha cur chun feidhme na comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe a shonrú.

Déanfar an Prótacal a léiriú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an Chomhaontaithe agus ar bhealach atá i gcomhréir leis.

Airteagal 2

Gaol idir an Prótacal agus comhaontuithe agus ionstraimí dlí eile

Déanfar an Prótacal a léiriú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:

(a) Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige 1982

(b) moltaí agus rúin ón gCoimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (CICTA) nó ó eagraíochtaí iascaigh réigiúnacha ábhartha eile, amhail CECAF (an Coiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir);

(c) Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Stoic Éisc 1995;

(d) Cód Iompair le haghaidh Iascach Freagrach 1995 (FAO);

(e) an Comhaontú faoi Bhearta Stát an Chalafoirt 2009 (FAO);

(f) *des directives volontaires visant à assurer la durabilité de la pêche artisanale dans le contexte de la sécurité alimentaire et de l'éradication de la pauvreté* [na Treoracha Deonacha chun Inbhuanaitheacht na hIascaireachta ar Mionscála a Áirithiú i gComhthéacs na Slándála Bia agus Dhíothú na Bochtaineachta], a foilsíodh in 2015 (FAO);

agus ar bhealach atá i gcomhréir leo.

Airteagal 3

Prionsabail

1. I gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta, geallann na Páirtithe faisnéis a chur ar fáil go poiblí agus a mhalartú maidir le haon chomhaontú lena dtugtar rochtain do shoithí eachtracha ar limistéar iascaireachta Ghuine Bissau, mar aon leis an iarracht iascaireachta a eascraíonn as sin, go háirithe líon na n-údaruithe a eisíodh agus na gabhálacha a rinneadh.

[1] IO L 342, 27.12.2007, lch. 5.

1. Gabhann na Páirtithe orthu féin iascaireacht fhreagrach a chur chun cinn i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau ar bhonn phrionsabal an neamh-idirdhealaithe. Gabhann Guine Bissau uirthi féin gan coinníollacha teicniúla níos fabhraí ná na coinníollacha atá sa Phrótacal seo a dheonú do chabhlaigh eachtracha eile a oibríonn i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau a bhfuil na saintréithe céanna acu agus a dhíríonn ar na speicis chéanna. Leis na coinníollacha sin tagraítear do chaomhnú agus do shaothrú inbhuanaithe, d'fhorbairt agus bainistiú acmhainní, do mhuirir agus táillí a bhaineann le húdaruithe iascaireachta a eisiúint maidir hoibriú ina limistéar iascaireachta.

2. I ndáil le stoic éisc traslimistéir nó mhórimirceacha, tabharfaidh na Páirtithe aird chuí ar meastóireachtaí eolaíocha a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach chomh maith le bearta caomhnúcháin agus bainistíochta a ghlactar ar an leibhéal náisiúnta agus a ghlacann eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna) ábhartha, chun a chinneadh cé na hacmhainní a mbeidh rochtain orthu.

3. Gabhann na Páirtithe orthu féin go n-áiritheoidh siad cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo i gcomhréir le hAirteagal 9 den Chomhaontú idir Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna leasú go deireanach[2] (dá ngairtear 'Comhaontú Shamó' anseo feasta), maidir le heilimintí bunriachtanacha a bhaineann le cearta an duine, prionsabail dhaonlathacha agus an smacht reachta, agus an eilimint bhunúsach a bhaineann le dea-rialachas, forbairt inbhuanaithe agus bainistiú inbhuanaithe agus fónta an chomhshaoil.

4. Níor cheart téarmaí agus coinníollacha fostaíochta iascairí ar bord soithí de chuid an Aontais a bheith contrártha do na hionstraimí is infheidhme maidir le hiascairí de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), go háirithe Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair (1998), arna leasú in 2022, agus Coinbhinsiún Uimh. 188 ó EIS maidir le hObair san Iascaireacht. Áirítear leis sin urraim don tsaoirse comhlachais agus aitheantas éifeachtach do cheart na n-oibrithe chun cómhargála, deireadh a chur le saothair éignithe agus saothar leanaí, deireadh a chur le hidirdhealú i ndáil le fostaíocht agus slí bheatha, chomh maith le timpeallacht oibre shábháilte shláintiúil agus dálaí cuibhiúla maireachtála agus oibre ar bord shoithí iascaireachta de chuid an Aontais.

5. Gabhann na Páirtithe orthu féin daingniú choinbhinsiúin EIS agus IMO is infheidhme maidir le hiascairí a chur chun cinn. Gabhann siad orthu féin freisin oiliúint leordhóthanach ar iascairí a chur chun cinn, go háirithe an oiliúint dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta IMO maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Phearsanra Soithí Iascaireachta (STCW-F).

6. I gcomhréir le hAirteagal 5 den Chomhaontú, ní fhéadfaidh soithí de chuid an Aontais dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau ach amháin má tá údarú iascaireachta acu arna eisiúint faoin bPrótacal seo agus de réir na socruithe a dtugtar tuairisc orthu san Iarscríbhinn a ghabhann leis. Beidh toirmeasc ar aon cheadúnas iascaireachta a eisiúint do shoithí de chuid an Aontais lasmuigh de raon feidhme an Phrótacail seo, go háirithe i bhfoirm ceadúnas iascaireachta spriocdhírithe.

[2] IO AE L 2862, 28.12.2023, lgh. 10-11

Airteagal 4

Deiseanna iascaireachta

Socrófar na deiseanna iascaireachta a dheonófar do shoithí de chuid an Aontais faoi Airteagal 5 den Chomhaontú i gcomhréir leis an Airteagal seo:

1. Sloinnfear deiseanna iascaireachta i dtéarmaí iarrachta iascaireachta, ar bhonn an olltonnáiste chláraithe (OTC), nó ar bhonn na gabhála iomláine incheadaithe (TAC), mar a leanas:

   (a) speicis ghrinnill (crústaigh, ceifileapóid agus éisc) agus peiligigh bheaga:

      (1) reothrálaeir iasc eite agus ceifileapód: 3 500 OTC in aghaidh na bliana;

      (2) reothrálaeir séaclaí: 3 700 OTC in aghaidh na bliana;

      (3) trálaeir peiligeach beag: 0 tona in aghaidh na bliana;

   (b) speicis mhórimirceacha (speicis a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige 1982), cé is moite den fhine *Alopiidae*, den fhine *Sphyrnidae*, agus de na speicis seo a leanas: *Cetorhinus maximus, Rhincodon typus, Carcharodon carcharias, Carcharinus falciformis, Carcharinus longimanus*:

      (1) reoshoithigh saighne tuinníní agus báid spiléireachta: 28 soitheach;

      (2) soithí tuinníní cleithe agus dorú: 13 shoitheach.

2. Údarófar soithí tacaíochta faoi na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn agus i gcomhréir leis na rúin agus moltaí ábhartha ó CITAC.

3. Athdhearbhaíonn na Páirtithe go bhfuil siad tiomanta d'aistriú ó chóras bainistithe de réir iarrachta go córas de réir teorann gabhála, ar bhonn an TAC, a d'fhéadfaí a dhéanamh nuair a chomhlíonfar na coinníollacha teicniúla agus dlíthiúla, arb éard atá i gceist leis go háirithe córas tuairiscithe leictreonach (*Electronic Reporting System* ERS) a úsáid go héifeachtach chun na sonraí sin a bhailiú agus a phróiseáil, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn. Déanfaidh an Comhchoiste dá bhforáiltear in Airteagal 10 den Chomhaontú (dá ngairtear 'an Comhchoiste' anseo feasta) cinneadh maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha agus na socruithe lenar féidir an t-aistriú sin a dhéanamh.

4. Beidh feidhm ag an gcéad mhír den Airteagal seo faoi réir Airteagail 10 agus 11.

Airteagal 5

Fad

Beidh feidhm ag an bPrótacal seo agus ag an Iarscríbhinn a ghabhann leis ar feadh tréimhse 5 bliana ón gcéad lá dá chur i bhfeidhm sealadach i gcomhréir le hAirteagal 19, ach amháin i gcás ina ndéanfar an Prótacal seo a fhoirceannadh mar a fhoráiltear in Airteagal 18.

Airteagal 6

Ranníocaíocht airgeadais

1. Is é EUR 17 000 000 in aghaidh na bliana a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 7 den Chomhaontú le haghaidh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 5 den Phrótacal seo.

2. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais:

   (a) méid bliantúil EUR 12 500 000 le haghaidh rochtain ar an acmhainn iascaigh i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau; agus

   (b) méid sonrach EUR 4 500 000 in aghaidh na bliana chun tacú le beartas earnála iascaigh Ghuine Bissau.

3. Beidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo faoi réir Airteagail 10, 11, 17 agus 18.

4. Déanfar an ranníocaíocht airgeadais faoi mhír 2, pointe (a) a íoc tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo agus tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta comórtha chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo i gcás na mblianta ina dhiaidh sin.

5. Is faoi inniúlacht eisiach údaráis Ghuine Bissau a bheidh an chaoi a n-úsáidfear an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 2, pointe (a).

6. Íocfar na híocaíochtaí dá bhforáiltear san Airteagal seo isteach i gcuntas aonair Státchiste Phoiblí a osclófar i mBanc Ceannais Ghuine Bissau, agus seolfaidh an Aireacht atá freagrach as an iascach tagairtí an chuntais gach bliain. An ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), le haghaidh na tacaíochta earnála, cuirfear ar fáil do Ghuine Bissau í i gcuntas poiblí comhpháirteach de chuid na hAireachta atá freagrach as iascach agus de chuid na hAireachta atá freagrach as airgeadas. Seolfaidh údaráis Ghuine Bissau mionsonraí na gcuntas bainc chuig an Coimisiún Eorpach gach bliain.

7. Áireofar gach comhpháirt den ranníocaíocht airgeadais i mbuiséad an Stáit agus beidh sí faoi réir rialacha agus nósanna imeachta um bainistiú airgeadais phoiblí Ghuine Bissau.

Airteagal 7

Tacaíocht earnála

1. Rannchuideoidh an tacaíocht earnála, faoin bPrótacal seo, le cur chun feidhme na straitéise náisiúnta um an iascach agus um an ngeilleagar gorm. Is é is aidhm di tacú le bainistiú inbhuanaithe acmhainne iascaigh agus le forbairt na hearnála i nGuine Bissau, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

   – faireachán, rialú agus faireachas ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a neartú (lena n-áirítear tríd an ERS a chur ar bun agus a shuiteáil agus a áirithiú go bhfuil sé ag feidhmiú),

   – bailiú agus próiseáil sonraí chun críoch eolaíoch agus an acmhainneacht chun anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar an acmhainn iascaigh agus ar iascaigh a neartú,

   – acmhainneacht gníomhaithe iascaigh a neartú,

   – tacú leis an iascaireacht ar mionscála,

   – an comhar idirnáisiúnta a neartú,

   – feabhas a chur ar na dálaí lena rialaítear onnmhairiú táirgí iascaigh agus infheistíocht san earnáil a chur chun cinn,

   – bonneagar a fhorbairt atá ábhartha i dtaca leis an iascaireacht,

   – tacú leis an ngeilleagar gorm agus an dobharshaothrú a fhorbairt.

2. Tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis thús chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo, socróidh an Comhchoiste clár earnála ilbhliantúil agus rialacha mionsonraithe maidir lena chur i bhfeidhm, go háirithe:

   (a) treoirlínte bliantúla agus ilbhliantúla ar dá réir a bhainfear úsáid as an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, mír 2, pointe (b);

   (b) na cuspóirí atá le baint amach ar bhonn bliantúil agus ilbhliantúil chun iascaireacht inbhuanaithe agus fhreagrach a chur chun cinn, agus aird á tabhairt ar na tosaíochtaí a chuir Guine Bissau in iúl ina beartas náisiúnta iascaigh nó i mbeartais ábhartha eile, go háirithe maidir le tacaíocht d'iascaigh ar mionscála, faireachán, rialú agus iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a chomhrac chomh maith leis na tosaíochtaí chun acmhainneacht eolaíoch Ghuine Bissau a neartú in earnáil an iascaigh;

   (c) critéir agus nósanna imeachta, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí, táscairí buiséadacha agus airgeadais chun meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí a fhaightear gach bliain.

3. Ní mór aon leasú a bheartaítear a dhéanamh ar an gclár earnála a bheith formheasta ag na Páirtithe laistigh den Chomhchoiste.

4. Gach bliain, tíolacfaidh Guine Bissau tuarascáil agus doiciméid tacaíochta maidir le dul chun cinn na dtionscadal arna gcur chun feidhme le maoiniú i réimse na tacaíochta earnála, tuarascáil agus doiciméid a ndéanfaidh an Comhchoiste scrúdú orthu. Tíolacfaidh Guine Bissau tuarascáil chríochnaitheach freisin roimh dhul in éag an Phrótacail seo.

5. Féadfaidh an tAontas íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 6, mír 2, pointe (b), a athbhreithniú nó a chur ar fionraí, go páirteach nó go hiomlán, i gcás nach gcuirfear an ranníocaíocht airgeadais sin chun feidhme nó i gcás nach mbeidh na torthaí a gheofar i gcomhréir leis an gclársceidealú, tar éis meastóireacht a dhéanfaidh an Comhchoiste. Atosófar ar an ranníocaíocht airgeadais a íoc tar éis do na Páirtithe dul i gcomhairle le chéile agus teacht ar chomhaontú a luaithe a bheidh údar cuí leis sin de bharr thorthaí an chur chun feidhme.

6. Leanfaidh na Páirtithe d'fhaireachán a dhéanamh ar an tacaíocht earnála go dtí go n-úsáidfear go hiomlán an ranníocaíocht airgeadais shonrach dá bhforáiltear in Airteagal 6, mír 2, pointe (b), i gcás inarb iomchuí, tar éis dhul in éag an Phrótacail seo. Ní fhéadfar an ranníocaíocht sin a íoc, áfach, tráth is déanaí ná 6 mhí tar éis dhul in éag an Phrótacail seo.

7. Áiritheoidh na Páirtithe infheictheacht na ngníomhaíochtaí a mhaoinítear leis an tacaíocht earnála agus infheictheacht rannpháirtíocht an Aontais sa chomhpháirtíocht le Guine Bissau. Tá an infheictheacht sin ar cheann de na cuspóirí thuasluaite.

8. Féadfaidh comhlachtaí iniúchóireachta agus rialaithe gach Páirtí, lena n-áirítear Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, seiceálacha agus rialuithe a dhéanamh ar úsáid chistí na ranníocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 6, mír 2, pointe (b). Áirítear leis sin rochtain ar fhaisnéis, doiciméid, suíomhanna agus saoráidí is tairbhithe.

Airteagal 8

Comhar eolaíoch ar mhaithe leis an iascaireacht inbhuanaithe

1. Gabhann na Páirtithe orthu féin iascaireacht fhreagrach a chur chun cinn agus an iascaireacht NNN a chomhrac i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau, bunaithe ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe idir na cabhlaigh éagsúla a oibríonn sna huiscí sin, agus bunaithe ar phrionsabail bhainistiú inbhuanaithe na hacmhainne iascaigh agus na n-éiceachóras muirí.

2. Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bPrótacal seo, oibreoidh an tAontas agus Guine Bissau i gcomhar le chéile chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt staid na n-acmhainní agus na n-iascach i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau.

3. Gabhann na Páirtithe orthu féin comhlíonadh mholtaí CITAC agus CECAF a chur chun cinn, chomh maith le comhar ar leibhéal an fho-réigiúin maidir le bainistiú freagrach na n-iascach a chur chun cinn, go háirithe faoi chuimsiú an Choimisiúin Fo-Réigiúnaigh Iascach (*Commission sous-régionale des pêches*).

4. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile laistigh den Chomhchoiste, i gcás inarb iomchuí agus de chomhthoil, chun bearta nua a ghlacadh arb é is aidhm dóibh an acmhainn iascaigh a bhainistiú go hinbhuanaithe.

Airteagal 9

Comhchoiste Eolaíoch

1. Is éard a bheidh sa Chomhchoiste Eolaíoch dá dtagraítear in Airteagal 4 den Chomhaontú an líon céanna eolaithe arna gceapadh ag gach Páirtí. Le comhaontú an dá Pháirtí, féadfar an rannpháirtíocht sa Chomhchoiste Eolaíoch a leathnú chun breathnóirí a áireamh, go háirithe ionadaithe ó chomhlachtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, amhail CECAF.

2. Tiocfaidh an Comhchoiste Eolaíoch le chéile uair sa bhliain ar a laghad, i gcomhréir le hAirteagal 6, mír 1, den Chomhaontú. I bprionsabal, tionólfar na cruinnithe gach re seal i nGuine Bissau agus san Aontas. Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, féadfar cruinnithe eile a ghairm freisin. Déanfaidh na Páirtithe cathaoirleacht ar na cruinnithe gach re seal.

3. Bainfidh dualgais an Chomhchoiste Eolaíoch leis na gníomhaíochtaí seo a leanas go háirithe:

   (a) sonraí a thiomsú a bhaineann le hiarrachtaí iascaireachta agus gabhálacha de chuid cabhlach náisiúnta agus eachtrach a oibríonn i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau agus a bhíonn ag iascaireacht na speiceas a chumhdaítear leis an bPrótacal seo;

   (b) na suirbhéanna bliantúla a chuireann leis an bpróiseas measúnaithe stoc a mholadh, faireachán nó anailís a dhéanamh orthu, ar suirbhéanna iad lenar féidir deiseanna iascaireachta agus roghanna saothraithe lena ráthaítear caomhnú na n-acmhainní agus a n-éiceachóras a shocrú;

   (c) ar an mbonn sin, tuarascáil eolaíoch bhliantúil a ullmhú maidir leis na hiascaigh a chumhdaítear leis an bPrótacal seo;

   (d) ar a thionscnamh féin nó mar fhreagairt ar iarraidh ón gComhchoiste nó ó cheann de na Páirtithe, aon chomhairle eolaíoch a chur le chéile a bhaineann le

bearta bainistíochta a mheastar a bheith riachtanach chun na stoic agus na hiascaigh a chumhdaítear leis an bPrótacal seo a shaothrú go hinbhuanaithe.

4. Ar bhonn na moltaí agus na rún arna nglacadh laistigh de CITAC agus i bhfianaise na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil, amhail comhairle CECAF agus, i gcás inarb iomchuí, conclúidí an Chomhchoiste Eolaíoch, glacfaidh an Comhchoiste bearta arb é is aidhm dóibh an acmhainn iascaigh a chumhdaítear leis an bPrótacal seo agus a dhéanann difear do ghníomhaíochtaí shoithí an Aontais a bhainistiú go hinbhuanaithe.

Airteagal 10

Athbhreithniú ar dheiseanna iascaireachta agus ar bhearta teicniúla

1. Má chinneann Guine Bissau, ar bhonn tuairim ón gComhchoiste Eolaíoch, dul ar aghaidh le dúnadh spásúil nó ama iascaigh faoi bheart caomhnaithe acmhainní, tiocfaidh an Comhchoiste le chéile chun anailís a dhéanamh ar an mbonn atá leis an gcinneadh sin, chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an dúnta sin ar ghníomhaíocht soithí de chuid an Aontais faoin gComhaontú agus chun cinneadh a dhéanamh maidir le haon bheart ceartaitheach.

2. Sna cásanna dá bhforáiltear i mír 1, tiocfaidh an Comhchoiste ar chomhaontú maidir le laghdú comhréireach ar an ranníocaíocht airgeadais faoin gComhaontú a iompróidh an tAontas agus, i gcás inarb iomchuí, maidir le cúiteamh a thairiscint d'úinéirí na soithí.

3. Aon dúnadh iascaigh a chinnfidh Guine Bissau de bhun comhairle eolaíoch, cuirfear i bhfeidhm é ar bhealach neamh-idirdhealaitheach maidir le gach soitheach a bhfuil baint aige leis an iascach sin, lena n-áirítear soithí náisiúnta agus soithí a bhfuil bratach tríú tír ar foluain acu.

4. Féadfaidh an Comhchoiste na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear in Airteagal 4 a athbhreithniú de chomhthoil ar bhonn moladh ón gComhchoiste Eolaíoch. Sa chás sin, déanfar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, mír 2, pointe (a), a choigeartú go comhréireach agus déanfaidh an Comhchoiste na leasuithe is gá ar an bPrótacal seo agus ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis.

5. Más gá, féadfaidh an Comhchoiste na forálacha a bhaineann leis na coinníollacha lena rialaítear gníomhaíochtaí iascaireachta agus socruithe cur i bhfeidhm an Phrótacail seo agus na hIarscríbhinne a ghabhann leis a scrúdú agus a oiriúnú de chomhthoil, lena n-airítear na socruithe faireacháin i dtaobh na tacaíochta earnála.

Airteagal 11

Iascaireacht thurgnamhach agus deiseanna iascaireachta nua

1. I gcás ina bhfuil suim ag soithí de chuid an Aontais i ngníomhaíochtaí iascaireachta nach bhforáiltear dóibh in Airteagal 4 agus chun indéantacht theicniúil agus brabúsacht eacnamaíoch iascach nua a thástáil, féadfar ceadúnais chun na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh ar bhealach turgnamhach a leithdháileadh, i gcomhréir le reachtaíocht Ghuine Bissau atá i bhfeidhm. I gcás inar féidir, déanfar an iascaireacht thurgnamhach sin le tacaíocht ón saineolas eolaíoch agus teicniúil áitiúil atá ar fáil. Is é is cuspóir do na turais iascaireachta turgnamhaí indéantacht theicniúil agus brabúsacht eacnamaíoch iascach nua a thástáil.

2. Chuige sin, seolfaidh an Coimisiún Eorpach na hiarratais ar cheadúnais iascaireachta turgnamhaí chuig údaráis Ghuine Bissau ar bhonn comhad teicniúil ina léireofar an méid seo a leanas:

   (a) na spriocspeicis;

   (b) saintréithe teicniúla an tsoithigh;

   (c) taithí oifigigh an tsoithigh ar na gníomhaíochtaí iascaireachta atá i gceist;

   (d) an moladh maidir le paraiméadair theicniúla an turais (fad, trealamh, limistéir a ndéanfar taiscéalaíocht iontu, etc.);

   (e) an cineál sonraí a bhaileofar chun faireachán eolaíoch ar thionchar na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar an acmhainn agus ar na héiceachórais a áirithiú.

3. Deonófar ceadúnais iascaireachta turgnamhaí ar feadh 6 mhí ar a mhéad. Beidh siad faoi réir muirear a shocróidh údaráis Ghuine Bissau a íoc.

4. Beidh breathnóir eolaíoch ón Stát brataí agus breathnóir a roghnóidh Guine Bissau ar bord le linn fhad iomlán an turais.

5. Is iad údaráis Ghuine Bissau a chinnfidh na gabhálacha atá incheadaithe faoin turas iascaireachta turgnamhaí. Is le húinéir an tsoithigh a bheidh gabhálacha a gheofar faoin turas iascaireachta turgnamhaí agus lena linn. Ní fhéadfar éisc de mhéid nach bhfuil leagtha síos nó nach n-údaraítear iascaireacht a dhéanamh orthu faoi reachtaíocht Ghuine Bissau a choinneáil ar bord ná a chur ar an margadh.

6. Seolfar torthaí mionsonraithe an turais chuig an gComhchoiste agus chuig an gComhchoiste Eolaíoch chun anailís a dhéanamh orthu.

7. Ar bhonn, *inter alia*, thorthaí an turais iascaireachta turgnamhaí agus chomhairle an Chomhchoiste Eolaíoch, féadfaidh na Páirtithe a chinneadh deiseanna iascaireachta nua a thabhairt isteach nach liostaítear in Airteagal 4 den Phrótacal seo. Tiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir leis na coinníollacha is infheidhme maidir leis na deiseanna iascaireachta nua sin agus déanfaidh siad leasuithe ar an bPrótacal seo agus ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis go dtí go rachaidh an Prótacal seo in éag. Déanfar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, mír 2, pointe (a), den Phrótacal seo a mhéadú dá réir. Déanfar na muirir agus na coinníollacha eile is infheidhme maidir le húinéirí soithí dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a leagan síos dá réir sin.

Airteagal 12

Comhtháthú eacnamaíoch oibreoirí de chuid an Aontais in earnáil iascaigh Ghuine Bissau

1. Gabhann na Páirtithe orthu féin comhtháthú eacnamaíoch oibreoirí de chuid an Aontais a chur chun cinn i dtionscadal iascaigh Ghuine Bissau ina iomláine, go háirithe trí chomhfhiontair a bhunú agus bonneagar a thógáil.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun feasacht a mhúscailt i measc oibreoirí príobháideacha de chuid an Aontais maidir le deiseanna tráchtála agus tionsclaíocha go háirithe maidir le hinfheistíochtaí díreacha in earnáil iascaigh Ghuine Bissau ina hiomláine.

3. Chun na críche céanna, féadfaidh Guine Bissau dreasachtaí a dheonú d'oibreoirí de chuid an Aontais atá ag gabháil d'infheistíochtaí den sórt sin.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun deiseanna infheistíochta agus uirlisí maoiniúcháin a shainaithint chun gníomhaíochtaí nó tionscadail shainaitheanta a chur chun feidhme, go háirithe faoi ionstraimí maoiniúcháin atá ann cheana laistigh den Aontas.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile, a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha teicniúla uile is gá, chun díol gabhálacha a gheobhaidh soithí de chuid an Aontais i nGuine Bissau ar mhargadh an Aontais a chur chun cinn.

6. Tacóidh na Páirtithe le meitheal a chur ar bun arb é is cuspóir di tionscadail infheistíochta a shainaithint agus a thionlacan agus an cuardach ar mhaoiniú a éascú, ar bhonn déthaobhach agus iltaobhach araon.

7. Gach bliain, déanfaidh an Comhchoiste tuairisciú ar chur chun feidhme an Airteagail seo.

Airteagal 13

Malartú faisnéise

1. Gabhann na Páirtithe orthu féin tús áite a thabhairt do chórais leictreonacha chun faisnéis agus doiciméid a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail seo a mhalartú. Cuirfidh siad chun feidhme córais shlána TF lena n-uathoibrítear an malartú sonraí a bhaineann le húdaruithe agus gníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais, nó an malartú trí mheán leictreonach i gcomhréir le forálacha an Phrótacail seo.

2. Measfar go bhfuil an fhoirm leictreonach de dhoiciméid dá bhforáiltear sa Phrótacal seo coibhéiseach i ngach slí leis an leagan páipéir.

3. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile gan mhoill faoi aon mhífheidhmiú i gcóras TF. Sa chás sin, cuirfear leagan páipéir na faisnéise agus na ndoiciméad a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe in ionad na faisnéise agus na ndoiciméad sin, go huathoibríoch, i gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo.

4. Na socruithe maidir le tarchur sonraí, lena n-áirítear na forálacha a bhaineann le leanúnachas an mhalartaithe faisnéise, leagtar síos san Iarscríbhinn iad.

Airteagal 14

Rúndacht sonraí

1. Áiritheoidh Guine Bissau agus an tAontas go n-úsáidfidh an t-údarás inniúil na sonraí a mhalartófar faoin gComhaontú chun an Comhaontú Iascaigh a chur chun feidhme, agus chun na críche sin amháin, agus go háirithe chun bainistíocht agus taighde eolaíoch a dhéanamh agus chun faireachán, rialú agus faireachas a dhéanamh ar an iascaireacht.

2. Maidir le sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus sonraí pearsanta a bhaineann le soithí de chuid an Aontais agus a ngníomhaíochtaí iascaireachta, ar sonraí iad a fuarthas i gcomhthéacs an Chomhaontaithe, mar aon le gach faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála a bhaineann le córais chumarsáide a úsáideann an tAontas, gabhann na Páirtithe orthu féin gur faoi rún a phléifear leo. Áiritheoidh na Páirtithe nach gcuirfear ar fáil go poiblí ach sonraí comhiomlánaithe a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar iascaireachta.

3. Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach dlíthiúil, cóir agus trédhearcach i ndáil leis an ábhar sonraí.

4. Déanfar sonraí pearsanta a mhalartófar faoin gComhaontú a phróiseáil i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i bhFoscríbhinn 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo. Féadfaidh an Comhchoiste coimircí agus leigheasanna breise maidir le sonraí pearsanta agus cearta na ndaoine lena mbaineann a leagan síos.

5. Na sonraí a mhalartófar faoin gComhaontú, leanfar dá bpróiseáil i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le Foscríbhinn 3, fiú tar éis dhul in éag an Phrótacail seo.

Airteagal 15

Reachtaíocht is infheidhme

1. Gníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais a oibríonn in uiscí Ghuine Bissau, beidh siad faoi rialú ag an reachtaíocht is infheidhme i nGuine Bissau, mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú nó sa Phrótacal seo, leis an Iarscríbhinn agus na Foscríbhinní a ghabhann leis.

2. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile i scríbhinn faoi aon athrú ar a mbeartas agus reachtaíocht iascaigh féin. Beidh feidhm ag athruithe reachtacha nó rialála den sórt sin a bhfuil tionchar teicniúil acu ar ghníomhaíochtaí iascaireachta maidir le soithí de chuid an Aontais 3 mhí tar éis gur tugadh fógra fúthu.

Airteagal 16

Sainphribhléidí an Chomhchoiste

1. Féadfaidh an Comhchoiste arna bhunú le hAirteagal 10 den Chomhaontú plé a dhéanamh nó cinneadh a dhéanamh trí mhalartú litreacha nó trí chianchruinniú.

2. Glacfaidh an Comhchoiste leasuithe ar an bPrótacal seo maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) deiseanna iascaireachta de bhun Airteagail 4 agus 10 agus, más gá, na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, mír 2, pointe (a);

   (b) na socruithe dá dtagraítear in Airteagal 7 maidir le cur chun feidhme na tacaíochta earnála;

   (c) na téarmaí agus na socruithe teicniúla lena rialaítear an iascaireacht a dhéanann soithí de chuid an Aontais;

   (d) na coimircí breise dá bhforáiltear in Airteagal 14, mír 4, arb é is aidhm dóibh sonraí pearsanta a chosaint.

Déanfar leasuithe den sórt sin ar an bPrótacal seo a thaifeadadh i miontuairisc a shíneoidh na Páirtithe ina léireofar an dáta a bheidh na leasuithe sin infhorfheidhmithe.

Airteagal 17

Cur chun feidhme an Phrótacail seo a chur ar fionraí

1. Féadfar cur chun feidhme an Phrótacail seo, lena n-áirítear íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, mír 2, pointí (a) agus (b), a chur ar fionraí, tar éis dul i gcomhairle leis an gComhchoiste, i gcás ina gcomhlíonfar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) imthosca neamhghnácha, seachas feiniméin nádúrtha, a chuireann cosc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau;

(b) athruithe ábhartha ar struchtúr nó ar chur chun feidhme bheartas iascaigh ceachtar de na Páirtithe ar athruithe iad a dhéanann difear d'fhorálacha an Phrótacail seo;

(c) i gcás ina ngníomhachtófar na sásraí comhairliúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 96 de Chomhaontú Shamó a bhaineann le sárú ar eilimintí bunriachtanacha agus bunúsacha de chearta an duine mar a shainmhínítear iad in Airteagal 9 den Chomhaontú sin;

(d) i gcás nach n-íocfaidh an tAontas an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 6, mír 2, pointe (a), ar chúiseanna seachas na cúiseanna dá bhforáiltear i bpointe (c) den mhír seo;

(e) díospóid thromchúiseach gan réiteach idir na Páirtithe maidir le léiriú agus cur chun feidhme an Chomhaontaithe nó an Phrótacail seo.

2. Déanfar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais a atosú tar éis do na Páirtithe dul i gcomhairle le chéile agus teacht ar chomhaontú a luaithe a bheidh cúrsaí mar a bhí roimh na himeachtaí dá dtagraítear i mír 1.

3. Féadfar údaruithe iascaireachta arna ndeonú do shoithí de chuid an Aontais a chur ar fionraí an tráth céanna a chuirfear íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais faoi Airteagal 6, mír 2, pointe (a), ar fionraí. Má dhéantar iad a atosú, cuirfear síneadh le bailíocht na n-údaruithe iascaireachta sin, síneadh a bheidh chomh fada céanna leis an tréimhse ar cuireadh na gníomhaíochtaí iascaireachta ar fionraí lena linn. Cuirfear stop le gníomhaíochtaí uile soithí de chuid an Aontais i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau ar feadh na tréimhse fionraíochta.

4. Beidh fionraí chur chun feidhme an Phrótacail seo faoi réir fógra i scríbhinn ón bPáirtí lena mbaineann go bhfuil sé ar intinn aige é sin a dhéanamh agus 3 mhí ar a laghad roimh an dáta a thiocfadh an fhionraí sin i bhfeidhm, ach amháin sa chás dá bhforáiltear i mír 1, pointe (c), a mbeidh fionraí láithreach ina toradh air. Idir an dá linn, rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin laistigh den Chomhchoiste.

5. I gcás fionraí, leanfaidh na Páirtithe de dhul i gcomhairle le chéile d'fhonn teacht ar réiteach cairdiúil ar an díospóid eatarthu. I gcás ina dtiocfar ar réiteach den sórt sin, déanfar cur chun feidhme an Phrótacail seo a atosú agus déanfar méid an chúitimh airgeadais a laghdú go comhréireach agus *pro rata temporis* de réir na tréimhse ar cuireadh an Prótacal seo ar fionraí lena linn.

Airteagal 18

Foirceannadh

1. I gcás ina ndéanfar an Prótacal a fhoirceannadh, tabharfaidh an páirtí lena mbaineann fógra i scríbhinn don Pháirtí eile faoin rún atá aige an Prótacal seo a fhoirceannadh 6 mhí ar a laghad roimh an dáta a thiocfadh an foirceannadh sin i bhfeidhm.

2. Is é an toradh a bheidh ar sheoladh an fhógra dá dtagraítear i mír 1 go gcuirfear tús le comhairliúcháin idir na Páirtithe.

Airteagal 19

Cur i bhfeidhm sealadach

Beidh feidhm shealadach ag an bPrótacal seo ó dháta a shínithe.

Airteagal 20

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm an dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go bhfuil na nósanna imeachta is gá chun go nglacfar é curtha i gcrích acu.

Airteagal 21

Téacsanna barántúla

Tarraingeofar an Prótacal seo suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

IARSCRÍBHINN

COINNÍOLLACHA LENA RIALAÍTEAR GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA I LIMISTÉAR IASCAIREACHTA GHUINE BISSAU A DHÉANANN SOITHÍ DE CHUID AN AONTAIS

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. An t-údarás inniúil a ainmniú

Chun críocha na hIarscríbhinne seo agus mura sonraítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt don Aontas nó do Ghuine Bissau mar údarás inniúil:

(a) i gcás an Aontais: an Coimisiún Eorpach, i gcás inarb iomchuí trí Thoscaireacht an Aontais i nGuine Bissau,

(b) i gcás Ghuine Bissau: an roinn rialtais atá freagrach as an iascach.

2. Limistéar iascaireachta údaraithe

Comhfhreagróidh an limistéar iascaireachta údaraithe ina bhfuil soithí de chuid an Aontais údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh do limistéar iascaireachta Ghuine Bissau, lena n-áirítear an sciar comhfhreagrach den chomhlimistéar idir Guine Bissau agus an tSeineagáil, i gcomhréir le reachtaíocht Ghuine Bissau agus leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta is infheidhme a bhfuil Guine Bissau ina páirtí iontu.

Saineofar na bunlínte leis an dlí náisiúnta.

3. Gníomhaire áitiúil a cheapadh

Cé is moite de shoithí tuinníní, déanfaidh gníomhaire a bhfuil cónaí air i nGuine Bissau ionadaíocht ar aon soitheach de chuid an Aontais ar mian leis údarú iascaireachta a fháil faoin bPrótacal seo.

4. Cuntas bainc

Roimh theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo, seolfaidh Guine Bissau chuig an Aontas mionsonraí an chuntais bainc/na gcuntas bainc nach mór na méideanna airgeadais is iníoctha ag soithí de chuid an Aontais faoin gComhaontú a íoc ann/iontu. Is iad úinéirí na soithí a iompróidh na costais a bhaineann leis na haistrithe bainc.

5. Pointí fócasacha

Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoina bpointí fócasacha féin lenar féidir faisnéis a mhalartú maidir le cur chun feidhme an Phrótacail seo, go háirithe maidir le saincheisteanna a bhaineann le malartú sonraí comhiomlána maidir le gabhálacha agus an iarracht iascaireachta, nósanna imeachta a bhaineann le húdaruithe iascaireachta agus gabhálacha, agus cur chun feidhme na tacaíochta earnála.

CAIBIDIL II

ÚDARUITHE IASCAIREACHTA

Roinn 1

Nósanna imeachta is infheidhme

1. Coinníoll chun údarú iascaireachta a fháil — soithí incháilithe

Eiseofar na húdaruithe iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chomhaontú ar choinníoll go bhfuil an soitheach cláraithe i gclár shoithí iascaireachta an Aontais agus go gcomhlíonfaidh sé forálacha Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3]. Na réamhoibleagáidí uile a bhaineann le húinéir an tsoithigh, leis an gcaptaen nó leis an soitheach féin, oibleagáidí a eascraíonn as a ngníomhaíochtaí iascaireachta i nGuine Bissau faoin gComhaontú, ní mór gur comhlíonadh iad.

2. Iarratas ar údarú iascaireachta

Cuirfidh an tAontas iarratas le haghaidh gach soithigh atá le húdarú faoi bhráid Ghuine Bissau trí mheán leictreonach, 40 lá oibre ar a laghad roimh an dáta inmhianaithe a chuirfear tús leis na hoibríochtaí, agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo.

Chun iarratais ar údaruithe iascaireachta a tharchur agus a léiriú gur glacadh leo, bainfear úsáid as córas LICENCE, is é sin an córas leictreonach slán chun údaruithe iascaireachta a bhainistiú, arna chur ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach.

Go dtí go mbeidh córas LICENCE ag feidhmiú go hiomlán, leanfaidh an tAontas d'iarratas le haghaidh gach soithigh atá le húdarú a chur faoi bhráid Ghuine Bissau trí bhealaí oifigiúla. Déanfaidh an Comhchoiste cinneadh maidir leis an aistriú chuig úsáid chóras LICENCE.

I gcás gach chéad iarratais ar údarú iascaireachta faoin bPrótacal seo, nó tar éis modhnú teicniúil a dhéanamh ar an soitheach lena mbaineann, beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis an iarratas:

(a) cruthúnas gur íocadh an muirear ar ráta comhréidh le haghaidh thréimhse bhailíochta an údaraithe iascaireachta a iarradh;

(b) ainm agus seoladh ghníomhaire áitiúil an tsoithigh, i gcás inarb ann do cheann;

(c) i gcás trálaer, cruthúnas gur réamhíocadh an ranníocaíocht ar ráta comhréidh maidir leis na costais a bhaineann leis an mbreathnóir;

(d) i gcás trálaer, deimhniú thonnáiste an tsoithigh arna eisiúint ag an Stát brataí.

Nuair a dhéanfar údarú iascaireachta faoin bPrótacal seo a athnuachan, i gcás soitheach nár athraíodh a shaintréithe teicniúla, ní bheidh ag gabháil leis an iarratas ar athnuachan ach cruthúnas gur íocadh an muirear agus, i gcás inarb iomchuí, cruthúnas gur íocadh an ranníocaíocht ar ráta comhréidh maidir leis na costais a bhaineann leis an mbreathnóir.

3. Údaruithe iascaireachta a eisiúint

[3] Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

Eiseoidh Guine Bissau an t-údarú iascaireachta bunaidh laistigh de 25 lá ar a mhéad tar éis di an comhad iarratais iomlán a fháil, agus 15 lá ar a laghad roimh thús na tréimhse iascaireachta. Seolfar an t-údarú sin chuig úinéirí na soithí:

(a) i gcás trálaer, trí na gníomhairí, agus seolfar cóip scanta chuig an Aontas, agus

(b) i gcás soithí tuinníní, trí Thoscaireacht an Aontais i nGuine Bissau. I gcás ina mbeidh an Toscaireacht dúnta, féadfaidh Guine Bissau an t-údarú iascaireachta a eisiúint go díreach d'úinéir an tsoithigh nó dá ghníomhaire agus cuirfidh sí cóip faoi bhráid an Aontais.

I gcás soithí tuinníní, déanfaidh an t-údarás inniúil cóip den údarú iascaireachta sin a sheoladh láithreach, trí mheán leictreonach, chuig úinéir an tsoithigh agus, i gcás inarb iomchuí, chuig a ghníomhaire áitiúil. Rachaidh bailíocht na cóipe sin in éag nuair a gheofar an t-údarú iascaireachta bunaidh. Beidh an chóip sin, a choimeádfar ar bord soithí, bailí ar feadh tréimhse 40 lá agus measfar í a bheith coibhéiseach leis an gcóip bhunaidh le linn na tréimhse sin.

A luaithe a bheidh uirlis LICENCE feidhmiúil, léireoidh Guine Bissau gur glacadh leis an iarratas agus uaslódálfaidh sí cóip leictreonach den cheadúnas bunaidh sínithe i gcóras LICENCE. Idir an dá linn, seolfaidh Guine Bissau cóip scanta de na ceadúnais a eisíodh chuig an Aontas le ríomhphost.

4. Mífheidhmiú chóras LICENCE

I gcás ina dtiocfaidh deacrachtaí chun cinn maidir le faisnéis a tharchur idir an Coimisiún Eorpach agus Guine Bissau i gcóras LICENCE, déanfar malartuithe leictreonacha údaruithe iascaireachta trí bhealaí oifigiúla go dtí go mbeidh an córas ag feidhmiú arís.

A luaithe a bheidh an córas ag feidhmiú arís, déanfaidh gach Páirtí an fhaisnéis a thabhairt cothrom le dáta i gcóras LICENCE.

5. Liosta na soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh

A luaithe a eiseofar an t-údarú iascaireachta, tarraingeoidh Guine Bissau suas, gan mhoill, le haghaidh gach catagóire soithigh, liosta cinntitheach na soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau. An liosta sin, seolfar láithreach é chuig an údarás náisiúnta atá freagrach as rialú a dhéanamh ar an iascaireacht, trí mheán leictreonach, agus chuig an Aontas.

6. Tréimhse bhailíochta an údaraithe iascaireachta

Déanfar údaruithe iascaireachta a tharraingt suas ar feadh tréimhse 3 mhí, 6 mhí nó 1 bhliain. Chun tús na tréimhse bailíochta a chinneadh, ciallóidh 'tréimhse 1 bhliain' an méid seo a leanas:

(a) i gcás na chéad bhliana a chuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm, an tréimhse idir dáta a chur i bhfeidhm sealadaigh agus an 31 Nollaig an bhliain chéanna;

(b) ina dhiaidh sin, gach bliain féilire iomlán;

(c) i gcás na bliana deireanaí a chuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm, an tréimhse idir an 1 Eanáir agus an dáta a rachaidh an Prótacal seo in éag.

Tosóidh tréimhse bhailíochta 3 mhí nó 6 mhí an chéad lá de gach mí. Mar sin féin, ní bheidh údaruithe iascaireachta bailí tar éis an 31 Nollaig an bhliain ar eisíodh iad lena linn.

7. An údarú iascaireachta a choimeád ar bord

Ní mór an ceadúnas iascaireachta a choimeád ar bord i gcónaí.

Údarófar do shoithí tuinníní, áfach, iascaireacht a dhéanamh a luaithe a bheidh siad ar an liosta sealadach. Ní mór do na soithí sin an liosta sealadach a choimeád ar bord i gcónaí go dtí go n-eiseofar a gceadúnas iascaireachta.

8. An t-údarú iascaireachta a aistriú

Eiseofar an t-údarú iascaireachta le haghaidh soitheach ar leith agus ní bheidh sé inaistrithe.

Mar sin féin, i gcás *force majeure* agus arna iarraidh sin don Aontas, cuirfear údarú nua in ionad an údaraithe iascaireachta, arna eisiúint thar ceann soitheach eile cosúil leis an soitheach atá le hionadú.

Chun an t-aistriú a dhéanamh, tabharfaidh úinéir an tsoithigh nó a ghníomhaire i nGuine Bissau an t-údarú iascaireachta atá le hionadú ar ais agus déanfaidh Guine Bissau an t-údarú athsholáthair a tharraingt suas gan mhoill. Eiseofar an t-údarú athsholáthair gan mhoill d'úinéir an tsoithigh nó dá ghníomhaire, tráth a thabharfar an t-údarú atá le hionadú ar ais, a luaithe a bheidh an t-iniúchadh teicniúil déanta i gcomhréir le pointe 9 den Chaibidil seo. Gabhfaidh éifeacht leis an údarú athsholáthair an lá a thabharfar an t-údarú atá le hionadú ar ais.

I gcás trálaer, más mó tonnáiste an tsoithigh athsholáthair ná tonnáiste an tsoithigh atá á ionadú, déanfar an muirear breise a ríomh ar bhonn *pro rata* de réir na difríochta sa tonnáiste agus na tréimhse bailíochta atá fágtha. Íocfaidh úinéir an tsoithigh an muirear breise sin tráth a aistreofar an t-údarú iascaireachta.

Tabharfaidh Guine Bissau liosta na soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh cothrom le dáta gan mhoill. An liosta nua sin, seolfar láithreach é chuig an údarás náisiúnta atá freagrach as rialú a dhéanamh ar an iascaireacht agus chuig an Aontas.

Tabharfaidh na Páirtithe an fhaisnéis cothrom le dáta i gcóras LICENCE.

9. Soithí tacaíochta

Arna iarraidh sin don Aontas, údaróidh Guine Bissau do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta acu cúnamh a fháil ó shoithí tacaíochta. Beidh bratach Ballstáit den Aontas ar foluain ag soithí tacaíochta, nó bainfidh siad le cuideachta de chuid an Aontais, agus ní bheidh siad feistithe chun iascaireacht a dhéanamh.

Tarraingeoidh Guine Bissau suas liosta na soithí tacaíochta atá údaraithe agus seolfaidh sí gan mhoill é chuig an údarás náisiúnta atá freagrach as rialú a dhéanamh ar an iascaireacht agus chuig an Aontas.

Tabharfaidh na Páirtithe an fhaisnéis cothrom le dáta i gcóras LICENCE.

Ní mór údarú a bheith ag soithí tacaíochta chun na críche sin, arna eisiúint i gcomhréir le dlí Ghuine Bissau, faoi réir muirear bliantúil a íoc.

10. Iniúchadh teicniúil is infheidhme maidir le trálaeir

Uair sa bhliain, nó tar éis tonnáiste an tsoithigh a athrú, nó i gcás ina mbeidh athrú ar an gcatagóir iascaireachta mar thoradh ar threalamh iascaireachta eile a úsáid, tiocfaidh trálaeir uile an Aontais i láthair i gcalafort Bissau chun go ndéanfar iniúchadh teicniúil, i gcomhréir le reachtaíocht Ghuine Bissau atá i bhfeidhm.

Is é is aidhm don iniúchadh teicniúil comhlíonadh shaintréithe teicniúla an tsoithigh agus an trealaimh iascaireachta ar bord a fhíorú, agus a fhíorú gur comhlíonadh na rialacháin sláinte agus na rialacha maidir le mairnéalaigh náisiúnta a thabhairt ar bord.

Ní mór do Ghuine Bissau an t-iniúchadh teicniúil a dhéanamh tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis don trálaer teacht i gcalafort, ar choinníoll gur tugadh fógra roimh ré faoina theacht i dtír.

Ag deireadh an iniúchta theicniúil, eiseoidh Guine Bissau deimhniú comhréireachta do chaptaen an tsoithigh gan mhoill.

Beidh an deimhniú comhréireachta bailí ar feadh tréimhse bliana. Mar sin féin, beidh gá le deimhniú comhréireachta nua i gcás aon athrú ar an gcatagóir iascaireachta, is é sin i gcás ina rachfar i mbun na hiascaireachta séaclaí nó ina scoirfear den iascaireacht séaclaí. Ina theannta sin, beidh gá le deimhniú nua comhréireachta má fhágann an soitheach limistéar iascaireachta Ghuine Bissau ar feadh tréimhse níos faide ná 45 lá.

Ní mór an deimhniú comhréireachta a choimeád ar bord i gcónaí.

Is é úinéir an tsoithigh a iompróidh na costais a bhaineann leis an iniúchadh teicniúil agus is éard a bheidh iontu an méid a chinnfear de réir na rátaí a leagtar amach i reachtaíocht Ghuine Bissau. Ní fhéadfaidh na costais sin a bheith níos mó ná na méideanna a íocann soithí náisiúnta nó soithí a bhfuil bratach tríú Stát ar foluain acu as an tseirbhís chéanna.

Roinn 2

Muirir agus réamhíocaíochtaí

Sonraítear méid an mhuirir ar ráta comhréidh le haghaidh gach catagóire soithigh sna bileoga sonraí atá i gceangal leis an Iarscríbhinn seo. Áirítear ann gach cáin náisiúnta agus áitiúil, cé is moite de dhleachtanna calafoirt, muirir chun seirbhísí a sholáthar agus an dleacht stampála is infheidhme maidir le méideanna táillí ceadúnais.

Is leis na rialacháin maidir le dleacht stampála a bheidh i bhfeidhm tráth sínithe an Phrótacail a chinnfear an ráta is infheidhme maidir le ceadúnais, ráta a fhanfaidh mar an gcéanna ar feadh fhad an Phrótacail.

I gcás ina mbeidh an t-údarú iascaireachta bailí ar feadh tréimhse is lú ná bliain amháin, déanfar méid an mhuirir ar ráta comhréidh a oiriúnú ar bhonn *pro rata* de réir na tréimhse bailíochta a iarradh. Cuirfear leis an méid coigeartaithe sin an méid breise a bheidh dlite as na tréimhsí 3 mhí nó 6 mhí, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir leis na rátaí a leagtar síos sna bileoga sonraí comhfhreagracha.

CAIBIDIL III

BEARTA TEICNIÚLA CAOMHNÚCHÁIN

Na bearta teicniúla is infheidhme maidir le soithí de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta acu, ar bearta iad a bhaineann leis an limistéar, an trealamh iascaireachta agus leibhéal na bhfoghabhálacha, déantar iad a shainiú le haghaidh gach catagóire iascaireachta sna bileoga sonraí atá i gceangal leis an Iarscríbhinn seo.

Comhlíonfaidh soithí tuinníní na moltaí uile arna nglacadh ag CITAC.

CAIBIDIL IV

GABHÁLACHA A DHEARBHÚ

1. Logleabhar iascaireachta

An captaen ar shoitheach de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht faoin gComhaontú, coimeádfaidh sé logleabhar iascaireachta. I gcás soithí tuinníní, beidh an logleabhar iascaireachta i gcomhréir le rúin ábhartha CITAC lena rialaítear bailiú agus tarchur sonraí a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta.

Aon soitheach de chuid an Aontais, ní mór é a fheistiú le córas leictreonach (dá ngairtear ‘ERS’ anseo feasta) lenar féidir sonraí a bhaineann le gníomhaíocht iascaireachta an tsoithigh a thaifeadadh agus a tharchur (dá ngairtear ‘sonraí ERS’ anseo feasta).

Ní fhéadfaidh soitheach de chuid an Aontais nach bhfuil feistithe le ERS, nó nach bhfuil a ERS ag feidhmiú, dul isteach i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh ann.

Déanfaidh an captaen an logleabhar iascaireachta a líonadh isteach le haghaidh gach lae a bheidh an soitheach i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau. Déanfaidh an soitheach sonraí ERS a tharchur chuig a Stát brataí, a chuirfidh ar fáil go huathoibríoch iad do Lárionad Faireacháin Iascaigh Ghuine Bissau (dá ngairtear ‘LFI’ anseo feasta), a luaithe a bheidh a chóras ERS feidhmiúil.

Déanfar sonraí ERS a tharchur trí úsáid a bhaint as na modhanna cumarsáide leictreonacha atá á mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach chun sonraí maidir leis an iascaireacht a mhalartú i bhfoirm chaighdeánaithe. Déanfar na ceanglais theicniúla maidir leis an gcumarsáid trí bhíthin ERS a bhailíochtú sa Chomhchoiste.

Gach lá, déanfaidh an captaen cainníocht gach speicis a thaifeadadh sa logleabhar iascaireachta, arna shainaithint lena chód alfa 3 FAO agus a gabhadh nó a choimeádtar ar bord, arna sloinneadh i gcileagraim bheomheáchain nó, i gcás inarb infheidhme, i líon na n-aonán.

I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an captaen cainníochtaí gach speicis a cuireadh ar ais san fharraige a thaifeadadh gach lá sa logleabhar iascaireachta freisin, arna sloinneadh i gcileagraim bheomheáchain nó, i gcás inarb infheidhme, i líon na n-aonán.

Nuair a tharchuirfear an logleabhar iascaireachta chuig údaráis Ghuine Bissau, beidh sé líonta isteach ar bhealach soléite, i gceannlitreacha, agus beidh sé sínithe ag an gcaptaen.

Is é an captaen atá freagrach as cruinneas na sonraí arna dtaifeadadh sa logleabhar iascaireachta.

2. Gabhálacha a dhearbhú

Riail maidir le gabhálacha a dhearbhú fad nach n-úsáidtear an ERS iarbhír

Dearbhóidh an captaen gabhálacha an tsoithigh trína logleabhair iascaireachta a bhaineann leis an tréimhse a bheidh sé i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau a thabhairt ar láimh do Ghuine Bissau.

Tarchuirfidh an captaen na logleabhair iascaireachta chuig Guine Bissau trí úsáid a bhaint as an seoladh ríomhphoist a cuireadh in iúl chun na críche sin. Dearbhóidh Guine Bissau go bhfuarthas é gan mhoill trí ríomhphost a sheoladh ar ais.

De rogha air sin, féadfar logleabhair iascaireachta a tharchur ar an mbealach seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfuiltear ag dul trí chalafort de chuid Ghuine Bissau, tabharfar an leagan bunaidh de gach logleabhar iascaireachta ar láimh d'ionadaí Ard-Stiúrthóireacht Iascach Tionsclaíoch Ghuine Bissau (dá ngairtear 'Ard-Stiúrthóireacht an Iascaigh Thionsclaíoch' anseo feasta), a dhearbhóidh i scríbhinn go bhfuarthas é;

(b) i gcás ina bhfuiltear ag imeacht as limistéar iascaireachta Ghuine Bissau gan dul trí chalafort de chuid Ghuine Bissau ar dtús, seolfar an leagan bunaidh de gach logleabhar iascaireachta tríd an bpost laistigh de 14 lá tar éis an theacht isteach in aon chalafort eile, agus in aon chás laistigh de 30 lá tar éis imeacht as limistéar iascaireachta Ghuine Bissau.

Seolfaidh an captaen cóip de na logleabhair iascaireachta uile chuig an Aontas. I gcás soithí tuinníní agus báid spiléireachta dromchla, cuirfidh an máistir cóip de na logleabhair iascaireachta uile chuig ceann de na hinstitiúidí eolaíocha seo a leanas freisin:

(a) IRD (Institut de recherche pour le développement);

(a) IEO (Instituto Español de Oceanografia); nó

(b) IPMA (Instituto Português do Mar e da Atmosfera).

I gcás ina dtiocfaidh an soitheach ar ais i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau le linn thréimhse bhailíochta a údaraithe iascaireachta, ní mór dó a ghníomhaíochtaí agus a ghabhálacha a dhearbhú arís.

I gcás nach gcomhlíonfar forálacha na Caibidle seo, féadfaidh Guine Bissau údarú iascaireachta an tsoithigh lena mbaineann a chur ar fionraí go dtí go ndearbhófar na gabhálacha atá ar iarraidh agus pionós a ghearradh ar úinéir an tsoithigh i gcomhréir leis na forálacha dá bhforáiltear chuige sin sa reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm. Má dhéantar an cion arís, féadfaidh Guine Bissau diúltú an t-údarú iascaireachta a athnuachan. Cuirfidh Guine Bissau an tAontas ar an eolas gan mhoill faoi aon phionós a ghearrfar sa chomhthéacs sin.

Riail maidir le gabhálacha a dhearbhú a luaithe a úsáidfear an ERS iarbhír

Is mar seo a leanas a chuirfear na gabhálacha in iúl:

(a) déanfaidh captaein na soithí uile a oibríonn faoin bPrótacal seo in uiscí Ghuine Bissau an logleabhar iascaireachta leictreonach a líonadh isteach gach lá agus

seolfaidh siad é tríd an ERS, nó i gcás nach bhfuil sin ag feidhmiú, le ríomhphost chuig LFI an Stáit brataí agus chuig LFI Ghuine Bissau laistigh de 7 lá tar éis dóibh imeacht as an limistéar iascaireachta;

(b) ní mór cainníocht gach speicis a shonrú sa logleabhar iascaireachta, speiceas arna shainaithint lena chód alfa 3 FAO agus a gabhadh nó a choimeádtar ar bord, arna sloinneadh i gcileagraim bheomheáchain nó, i gcás inarb infheidhme, i líon na n-aonán. I gcás gach príomhspeicis, luafaidh an captaen gabhálacha nialasacha freisin. Déanfaidh sé cainníochtaí gach speicis a cuireadh ar ais san fharraige a thaifeadadh freisin, arna sloinneadh i gcileagraim bheomheáchain nó, i gcás inarb infheidhme, i líon na n-aonán.

Déanfaidh an soitheach sonraí ERS a tharchur chuig a Stát brataí a chuirfidh ar fáil do Ghuine Bissau go huathoibríoch iad. Áiritheoidh an Stát brataí go bhfaighfear iad agus go ndéanfar iad a thaifeadadh i mbunachar sonraí TF lenar féidir na sonraí sin a stóráil go slán ar feadh 36 mhí ar a laghad.

Áiritheoidh an Stát brataí agus Guine Bissau go mbeidh an trealamh agus na bogearraí TF is gá acu chun sonraí ERS a tharchur go huathoibríoch.

Ní mór sonraí ERS a tharchur trí úsáid a bhaint as na modhanna cumarsáide leictreonacha atá á mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach chun sonraí maidir leis an iascaireacht a mhalartú i bhfoirm chaighdeánaithe.

I gcás nach gcomhlíonfar na forálacha a bhaineann le gabhálacha a dhearbhú, féadfaidh Guine Bissau údarú iascaireachta an tsoithigh lena mbaineann a chur ar fionraí go dtí go bhfaighfear na gabhálacha atá ar iarraidh agus pionós a ghearradh ar úinéir an tsoithigh i gcomhréir leis na forálacha dá bhforáiltear chuige sin sa reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm. Má dhéantar an cion arís, féadfaidh Guine Bissau diúltú an t-údarú iascaireachta a athnuachan. Cuirfidh Guine Bissau an tAontas ar an eolas gan mhoill faoi aon phionós a ghearrfar sa chomhthéacs sin.

Ainmneoidh an Stát brataí agus Guine Bissau araon a chomhfhreagraí ERS féin a bheidh ina phointe teagmhála le haghaidh saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme na hIarscríbhinne seo. Seolfaidh an Stát brataí agus Guine Bissau sonraí teagmhála a gcomhfhreagraithe ERS chuig a chéile agus, i gcás inarb iomchuí, tabharfaidh siad an fhaisnéis sin cothrom le dáta gan mhoill.

3. Ráiteas críochnaitheach na muirear i gcás soithí tuinníní

I gcás gach soithigh tuinníní agus ar bhonn a dhearbhuithe gabhálacha, tarraingeoidh an tAontas suas ráiteas críochnaitheach na muirear nach mór don soitheach a íoc mar gheall ar a shéasúr bliantúil den bhliain roimhe sin.

Seolfaidh an tAontas an ráiteas críochnaitheach sin chuig Guine Bissau ar a dhéanaí faoin 30 Aibreán an bhliain tar éis na bliana a rinneadh na gabhálacha. Beidh mí amháin ag Guine Bissau chun an ráiteas sin a bhailíochtú nó soiléiriú a iarraidh.

Má tá méid an ráitis chríochnaithigh níos mó ná an muirear ar ráta comhréidh a íocadh chun an t-údarú iascaireachta a fháil, íocfaidh úinéir an tsoithigh an fuílleach le Guine Bissau gan

mhoill. Má tá méid an ráitis chríochnaithigh níos lú ná an muirear ar ráta comhréidh, ní fhéadfaidh úinéir an tsoithigh an tsuim iarmhair a fháil ar ais.

CAIBIDIL V

TABHAIRT I dTÍR AGUS TRASLOINGSIÚ

1. Gabhálacha a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú

Ní mór do chaptaen soithigh de chuid an Aontais ar mian leis gabhálacha a rinneadh i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú i gcalafort Bhissau fógra faoin méid seo a leanas a thabhairt d'ionadaí Ard-Stiúrthóireacht na nIascach Tionsclaíoch 24 uair an chloig ar a laghad roimh an tabhairt i dtír nó an trasloingsiú:

(a) ainm an tsoithigh de chuid an Aontais a thabharfaidh i dtír nó a dhéanfaidh an trasloingsiú;

(b) calafort an tabhairt i dtír nó an trasloingsithe;

(c) an dáta agus an t-am a bheartaítear an tabhairt i dtír nó an trasloingsiú a dhéanamh;

(d) cainníocht (arna sloinneadh i gcileagraim bheomheáchain nó, i gcás inarb infheidhme, i líon na n-aonán) gach speicis atá le tabhairt i dtír nó le trasloingsiú (arna shainaithint lena chód alfa 3 FAO);

(e) i gcás trasloingsithe, ainm an tsoithigh glactha.

I gcás trasloingsithe, áiritheoidh an captaen go bhfuil údarú ag an soitheach glactha, ar údarú é a d'eisigh na húdaráis inniúla le haghaidh na hoibríochta sin.

Ní mór an oibríocht trasloingsithe a dhéanamh i gcomhréir le reachtaíocht Ghuine Bissau i gcalafort Bhissau, agus déanfaidh na húdaráis inniúla comhordanáidí geografacha an chalafoirt sin a tharchur chuig captaen agus gníomhaire an tsoithigh. Beidh toirmeasc ar an trasloingsiú ar muir.

Mura gcomhlíonfar na forálacha sin, gearrfar na pionóis dá bhforáiltear chuige sin i reachtaíocht Ghuine Bissau.

2. Ranníocaíocht chomhchineáil le haghaidh na slándála bia

Beidh trálaeir a bhíonn ag iascaireacht i nGuine Bissau faoi réir oibleagáid cuid dá ngabhálacha a thabhairt i dtír i nGuine Bissau, ar mhaithe le slándáil bia na tíre. Comhlíonfaidh an tabhairt i dtír na ceanglais seo a leanas:

(a) 2,5 tona in aghaidh na ráithe in aghaidh an tsoithigh i gcás trálaeir iasc eite/ceifileapód,

(a) 1,25 tona in aghaidh na ráithe in aghaidh an tsoithigh i gcás trálaeir séaclaí.

Chun cur chun feidhme an bhirt sin a éascú, féadfaidh roinnt soithí an rannchuidiú in aghaidh an tsoithigh a ghrúpáil le chéile agus féadfar é a chur ar fáil go carnach le haghaidh roinnt ráithí. Déanfar an tabhairt i dtír i limistéar calafoirt Bhissau agus is é ionadaí Ard-Stiúrthóireacht na nIascach Tionsclaíoch a ghlacfaidh iad.

I gcomhréir le hAirteagal 5 den Chomhaontú, ní mór go gcomhlíonfaidh an tabhairt i dtír a chumhdaítear sa Chaibidil seo na rialacháin atá i bhfeidhm i nGuine Bissau, go háirithe na

rialacháin sin a bhaineann le híosmhéid na speiceas a mbaineann an oibleagáid tabhairt i dtír leo. I gcomhthéacs na hoibleagáide sin, ní thabharfaidh soithí de chuid an Aontais i dtír ach speicis éisc a n-údaraítear iad a ghabháil faoin bPrótacal seo, lena n-áirítear foghabhálacha údaraithe.

Déanfaidh Ard-Stiúrthóireacht na nIascach Tionsclaíoch foirm maidir le glacadh an rannchuidithe comhchineáil sin a tharraingt suas agus a shíniú gach uair agus a thabhairt don chaptaen.

CAIBIDIL VI

RIALÚ AGUS INIÚCHADH

1. Dul isteach i limistéar iascaireachta Cabo Verde agus imeacht as

Gach uair a théann soitheach de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta aige isteach i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau nó a imíonn as, ní mór dó fógra a thabhairt do Ghuine Bissau faoi sin laistigh de 24 uair an chloig roimh dhul isteach ann nó imeacht as. Laghdaítear an tréimhse sin go 4 uair an chloig i gcás soithí tuinníní.

Nuair a bheidh fógra á thabhairt ag an soitheach go bhfuil sé ag dul isteach nó ag imeacht, sonróidh sé an méid seo a leanas go háirithe:

(a) an dáta, an t-am agus an láthair a bheartaítear;

(b) cainníocht gach speicis a choimeádtar ar bord, arna shainaithint lena chód alfa 3 FAO agus arna sloinneadh i gcileagraim bheomheáchain nó, i gcás inarb infheidhme, i líon na n-aonán;

(c) cur i láthair na dtáirgí.

Tabharfar an fógra le ríomhphost más féidir nó, ina éagmais sin, le facs nó ar an raidió, chuig seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin nó minicíocht arna cur in iúl ag Guine Bissau. Cuirfidh Guine Bissau na soithí lena mbaineann agus an tAontas ar an eolas gan mhoill faoi aon athrú ar na seoltaí ríomhphoist, ar an uimhir theileafóin nó ar an minicíocht tarchurtha.

Aon soitheach a mbéarfar air agus é i mbun iascaireachta i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau gan fógra a thabhairt roimh ré go mbeadh sé ann, measfar gur soitheach é atá i mbun iascaireachta gan údarú.

2. Teachtaireachtaí maidir le suíomh na soithí — VMS

Agus iad i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau, ní mór do shoithí de chuid an Aontais a bheith feistithe le córas faireacháin satailíte (Vessel Monitoring System, VMS) lena n-áirithítear go gcuirtear a suíomh in iúl go huathoibríoch agus go leanúnach, gach uair an chloig, do LFI a Stáit brataí.

Beidh toirmeasc ar an ngaireas rianaithe leanúnaigh a bhaineann úsáid as an gcumarsáid satailíte a cuireadh ar bord an tsoithigh chun sonraí a tharchur a bhogadh, a dhícheangal, a

scriosadh, a dhamáistiú nó a chur ó mhaith, nó sonraí a astaítear nó a thaifeadtar leis an gcóras sin a athrú d'aon ghnó, a atreorú nó a bhrionnú.

Tabharfar na fógraí faoi na teachtaireachtaí suímh agus faoi ghabhálacha leis an VMS/ERS más féidir, nó i gcás mhífheidhmiú sa chóras sin, le ríomhphost, le facs nó ar an raidió. Cuirfidh Guine Bissau na soithí lena mbaineann agus an tAontas ar an eolas gan mhoill faoi aon athrú ar an seoladh ríomhphoist, ar an uimhir theileafóin nó ar an minicíocht tarchurtha.

Ní mór an méid seo a leanas a bheith i ngach teachtaireacht suímh:

(a) sonraí aitheantais an tsoithigh;

(b) suíomh geografach is déanaí an tsoithigh (domhanleithead, domhanfhad), lena ngabhann lamháil earráide is lú ná 500 méadar eatramh muiníne 99 %;

(c) an dáta agus an t-am a taifeadadh an suíomh;

(d) luas agus cúrsa an tsoithigh; agus

Aon soitheach a mbéarfar air agus é i mbun iascaireachta i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau gan fógra a thabhairt roimh ré go mbeadh sé ann, measfar gur soitheach é atá sárú déanta aige.

3. Iniúchadh ar muir nó i gcalafort

Is iad soithí agus cigirí Ghuine Bissau, a shainaithneofar go soiléir gur sannadh iad chun rialú a dhéanamh ar an iascaireachta, a dhéanfaidh iniúchadh ar muir i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau, nó i gcalafort, ar shoithí de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta acu.

Roimh dhul ar bord, cuirfidh cigirí Ghuine Bissau soitheach de chuid an Aontais ar an eolas maidir lena gcinneadh iniúchadh a dhéanamh. Beirt chigirí ar a mhéad a dhéanfaidh an t-iniúchadh, agus ní mór dóibh cruthúnas a sholáthar ar a gcéannacht agus ar a bpost oifigiúil mar chigire sula ndéanfaidh siad an t-iniúchadh. Féadfaidh ionadaithe fhórsaí slándála náisiúnta Ghuine Bissau a bheith in éineacht leo, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le dlí idirnáisiúnta na mara.

Ní fhanfaidh cigirí Ghuine Bissau ar bord an tsoithigh de chuid an Aontais ach ar feadh an ama is gá chun na cúraimí a bhaineann leis an iniúchadh a dhéanamh. Déanfaidh siad an t-iniúchadh ar bhealach a n-íoslaghdóidh an tionchar ar an soitheach, ar a ghníomhaíocht iascaireachta agus ar a lasta.

Féadfaidh Guine Bissau cigirí atá creidiúnaithe ag an Aontas a údarú chun páirt a ghlacadh san iniúchadh mar bhreathnóirí.

Déanfaidh captaen an tsoithigh de chuid an Aontais dul ar bord agus obair chigirí Ghuine Bissau a éascú.

Ag deireadh gach iniúchta, déanfaidh chigirí Ghuine Bissau tuarascáil iniúchóireachta a tharraingt suas. Beidh sé de cheart ag captaen an tsoithigh de chuid an Aontais a bharúlacha a chur sa tuarascáil iniúchóireachta. Is iad na daoine seo a leanas a shíneoidh an tuarascáil iniúchóireachta: an cigire a tharraing suas í agus captaen an tsoithigh de chuid an Aontais.

Tabharfaidh cigirí Ghuine Bissau cóip den tuarascáil iniúchóireachta do chaptaen an tsoithigh de chuid an Aontais sula bhfágfaidh sé an soitheach. Seolfaidh Guine Bissau cóip den tuarascáil iniúchóireachta chuig an Aontas laistigh de thréimhse 8 lá tar éis an iniúchta.

4. Gabhálacha a rialú

Go dtí go n-úsáidfear an ERS iarbhír, oibríochtaí rialaithe samplála chun scrúdú a dhéanamh ar chomhlíontacht na ngabhálacha leis na heilimintí a dhearbhaítear sna logleabhair iascaireachta, déanfar na hoibríochtaí sin ar bhonn uainíochta ar thrian amháin de thrálaeir an Aontais atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh, in aghaidh na ráithe. Ina dhiaidh sin, déanfar athbhreithniú ar mhinicíocht na n-oibríochtaí rialaithe gabhálacha chun tabhairt isteach an fhíoraithe ar shonraí gabhála leis an ERS a chur san áireamh.

Déanfar gach iniúchadh ag deireadh an turais iascaireachta tar éis fógra 24 uair an chloig agus ní mhairfidh sé níos mó ná 4 uair an chloig.

Déanfar na hoibríochtaí rialaithe sin ag pointe a dtarchuirfidh na húdaráis inniúla a chomhordanáidí geografacha chuig captaen agus gníomhaire an tsoithigh i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta Ghuine Bissau.

CAIBIDIL VII

SÁRAITHE

1. Forálacha ginearálta

I gcomhréir le hAirteagal 5 den Chomhaontú, beidh feidhm ag rialacháin Guine Bissau i dtaca le gníomhaíochtaí iascaireachta a rialú maidir le soithí de chuid an Aontais atá i mbun gníomhaíochtaí sa limistéar iascaireachta faoin bPrótacal seo.

Déanfaidh an tAontas gach beart is iomchuí chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh soithí a bhfuil bratach ceann dá Bhallstáit ar foluain acu forálacha an Phrótacail seo agus an reachtaíocht lena rialaítear an iascaireacht in uiscí Ghuine Bissau, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

2. Láimhseáil sáruithe

Aon sárú a dhéanfaidh soitheach de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta aige i ndáil le forálacha an Phrótacail, ní mór fógra faoi a thabhairt don Aontas laistigh de 48 n-uair an chloig ina léireofar cineál an tsáraithe. Déanfar an cinneadh maidir leis an sárú sin a tharchur chuig an Aontas agus chuig an Stát brataí laistigh de 7 lá oibre.

Beidh síniú na tuarascála iniúchóireachta ag an gcaptaen gan dochar do cheart úinéir an tsoithigh é féin a chosaint in aghaidh an tsáraithe a ndearnadh gearán ina leith.

3. Dul ar bord soithigh — cruinniú faisnéise

Má dhéantar foráil sa reachtaíocht náisiúnta maidir leis an sárú a ndearnadh gearán ina leith, féadfar a cheangal ar aon soitheach de chuid an Aontais a rinne sárú scor dá ghníomhaíocht

iascaireachta agus, i gcás ina mbeidh an soitheach ar muir, filleadh ar chalafort de chuid Ghuine Bissau.

Tabharfaidh Guine Bissau fógra don Aontas laistigh de 48 n-uair an chloig ar a mhéad faoi dhul ar bord soithigh de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta aige. Beidh fianaise dhoiciméadach ar an sárú a ndearnadh gearán ina leith ag gabháil leis an bhfógra sin.

Sula ndéanfaidh Guine Bissau aon bheart in aghaidh an tsoithigh, an chaptaein, nó an lastais, cé is moite de bhearta arb é is aidhm dóibh fianaise a chosaint, eagróidh sí, arna iarraidh sin don Aontas, laistigh de lá oibre amháin tar éis gur tugadh fógra faoi dhul ar bord an tsoithigh, cruinniú faisnéise chun na fíricí a shoiléiriú as ar eascair dul ar bord an tsoithigh agus chun míniú a thabhairt ar bhearta breise a d'fhéadfaí a dhéanamh. Féadfaidh ionadaí Stát brataí an tsoithigh a bheith i láthair ag an gcruinniú faisnéise sin.

4. Pionós mar gheall ar shárú — Nós imeachta um réiteach

Socróidh Guine Bissau an pionós mar gheall ar an sárú a ndearnadh gearán ina leith de réir fhorálacha na reachtaíochta náisiúnta atá i bhfeidhm.

I gcás ina mbainfidh imeachtaí breithiúnacha le réiteach an tsáraithe agus sula dtionscnófar iad, tionscnófar nós imeachta um réiteach idir Guine Bissau agus an tAontas chun téarmaí agus leibhéal an phionóis a chinneadh. Féadfaidh ionadaí Stát brataí an tsoithigh a bheith rannpháirteach sa nós imeachta sin um réiteach. Tiocfaidh deireadh leis an nós imeachta um réiteach 4 lá ar a dhéanaí tar éis fógra a thabhairt faoi dhul ar bord an tsoithigh.

5. Imeachtaí breithiúnacha — Urrús bainc

Má theipeann ar an nós imeachta um réiteach agus má thugtar an sárú os comhair na cúirte inniúla, déanfaidh úinéir an tsoithigh a rinne an sárú urrús bainc a thaisceadh i mbanc arna ainmniú ag Guine Bissau, agus cumhdófar le méid an urrúis, arna socrú ag Guine Bissau, na costais a bhaineann le dul ar bord an tsoithigh, an fhíneáil mheasta agus aon chúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann. Coinneofar an t-urrús bainc in eascró go dtí go dtabharfar na himeachtaí breithiúnacha i gcrích.

Scaoilfear an t-urrús bainc agus tabharfar ar ais d'úinéir an tsoithigh é gan mhoill tar éis thabhairt an bhreithiúnais:

(a) ina iomláine, murar gearradh aon phionós;

(a) tabharfar ar ais méid an fhuílligh atá fágtha, más fíneáil atá sa phionós ar lú í ná méid an urrúis bainc.

Cuirfidh Guine Bissau an tAontas ar an eolas faoi thoradh na n-imeachtaí breithiúnacha laistigh de 8 lá tar éis thabhairt an bhreithiúnais.

6. Scaoileadh an tsoithigh

Údarófar don soitheach agus dá chaptaen an calafort a fhágáil a luaithe a réiteofar an pionós arna eascairt as an nós imeachta um réiteach, nó a luaithe a thaiscfear an t-urrús bainc.

CAIBIDIL VIII

IASCAIRÍ A FHOSTÚ AR BORD SOITHÍ DE CHUID AN AONTAIS

1. An líon iascairí atá le tabhairt ar bord

Tabharfaidh oibreoir soithigh de chuid an Aontais atá údaraithe faoin bPrótacal seo iascairí de chuid Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (OEACP) ar bord chun oibriú ar bord a shoithigh mar bhaill den chriú fad a mhairfidh gníomhaíochtaí iascaireachta an tsoithigh faoin bPrótacal.

Ar feadh thréimhse bhailíochta a údaraithe iascaireachta, tabharfaidh gach soitheach tráil ghrinnill de chuid an Aontais iascairí ar náisiúnaigh de chuid Ghuine Bissau iad ar bord laistigh de na teorainneacha seo a leanas:

(a) seisear iascairí, i gcás toilleadh níos lú ná 250 OTC;

(b) seachtar iascairí, i gcás toilleadh idir 250 agus 400 OTC;

(c) ochtar iascairí, i gcás toilleadh níos mó ná 400 OTC.

Na hiascairí atá le tabhairt ar bord de bhun phointe 1.1, comhlíonfaidh siad ceanglais reachtaíocht an Stáit brataí lena dtrasuitear Treoir (AE) 2017/159 ón gComhairle, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an bpas, an leabhar mairnéalaigh, an deimhniú leighis agus an oiliúint tosaigh. Seolfaidh an Stát brataí liosta na gceanglas a eascraíonn as an reachtaíocht sin chuig údaráis Guine Bissau luath go leor roimh ré. Beidh iascairí de chuid thíortha OEACP atá le tabhairt ar bord i gcomhréir le pointe 1.1 in ann an teanga oibre atá leagtha síos ar bord an tsoithigh iascaireachta a thuiscint.

Déanfaidh údaráis inniúla Guine Bissau liosta na n-iascairí inniúla a tharraingt suas, a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta agus a sheoladh chuig úinéirí na soithí.

Déanfaidh an scipéir liosta an chriú a tharraingt suas, a shíniú agus dáta a chur leis i gcomhréir le Foirm 5 de Choinbhinsiún IMO maidir le Muirthrácht Idirnáisiúnta a Éascú, agus tarchuirfidh sé cóip den liosta sin chuig údaráis Ghuine Bissau sula bhfágfaidh an soitheach limistéar an chalafoirt.

Diúltóidh úinéir an tsoithigh, nó diúltóidh an captaen thar a cheann, iascaire a ligean ar bord ar a shoitheach mura gcomhlíonann an t-iascaire sin na ceanglais dá dtagraítear i bpointe 1.3.

Déanfaidh úinéirí soithí de chuid an Aontais iarracht iascairí náisiúnta breise a thabhairt ar bord.

2. Dálaí oibre

Na dálaí faoina dtabharfar iascairí de chuid thíortha OEACP ar bord, beidh siad i gcomhréir le reachtaíocht an Stáit brataí lena dtrasuitear Treoir (AE) 2017/159 ón gComhairle, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le huaireanta oibre nó uaireanta scíthe, cearta aisdúichithe agus sábháilteacht agus sláinte cheirde.

3. Comhaontú fostaíochta an iascaire

I gcás gach iascaire a fhostófar ar bord soithigh de chuid an Aontais i gcomhréir le pointe 1, déanfaidh an t-iascaire agus an fostóir araon comhaontú fostaíochta i scríbhinn a chaibidliú agus a shíniú, agus déanfaidh údarás inniúil Ghuine Bissau é a fhormhuiniú.

Beidh an Comhaontú i gcomhréir le ceanglais reachtaíocht an Stáit brataí lena dtrasuitear Treoir (AE) 2017/159 ón gComhairle (Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir).

4. Luach saothair na n-iascairí

Iompróidh úinéir an tsoithigh na costais a bhaineann leis an luach saothair nó le saothar breise go díreach, nó, i gcás inar seirbhís phríobháideach sa mhargadh saothair é fostóir an iascaire, iompróidh sé go hindíreach iad.

Ní mór tuarastal ráthaithe míosúil nó tráthrialta a íoc le hiascairí de chuid thíortha OEACP, trí aistriú bainc más féidir. Déanfar é a chinneadh de chomhthoil idir úinéirí na soithí nó a ngníomhairí agus na hiascairí agus/nó a gceardchumainn nó a n-ionadaithe. I gcás nár tugadh comhaontuithe cómhargála i gcrích agus nach bhfuil feidhm ag bunphá íosta na Stát brataí, ní fhéadfaidh na bunchoinníollacha pá a dheonaítear d'iascairí de chuid thíortha OEACP a bheith faoi bhun chaighdeáin EIS.

Costais a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le híocaíochtaí a gheofar, ní bheidh ar iascairí iad a iompar. Tabharfar caoi d'iascairí chun na híocaíochtaí uile a gheofar, nó cuid díobh, lena n-áirítear réamhíocaíochtaí, a sheoladh chuig a dteaghlach saor in aisce.

Ní mór duillín pá a thabhairt don iascaire maidir le gach íocaíocht dá luach saothair agus, má iarrann sé amhlaidh, cruthúnas gur íocadh an tuarastal.

5. Slándáil shóisialta

Áiritheoidh Guine Bissau go mbeidh iascairí a bhfuil gnáthchónaí orthu ar a críoch maille lena gcuid cleithiúnaithe, a mhéid dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta, i dteideal cosaint shóisialta faoi choinníollacha atá chomh fabhrach céanna leis na coinníollacha is infheidhme maidir le hoibrithe eile, go háirithe oibrithe agus daoine féinfhostaithe, a bhfuil gnáthchónaí orthu ar a críoch.

6. Seirbhísí príobháideacha chun maraithe a earcú agus a shocrú

Ciallaíonn seirbhísí príobháideacha de chuid mhargadh an tsaothair an méid seo a leanas:

Seirbhís príobháideach chun maraithe a earcú agus a shocrú, is é sin aon duine, cuideachta, institiúid, gníomhaireacht nó eagraíocht eile, lena n-áirítear gníomhairí arna roghnú ag úinéirí soithí, atá i mbun gníomhaíochtaí chun iascairí a earcú thar ceann úinéirí soithí nó chun iascairí a chur ar socrúchán leo.

Áiritheoidh údaráis Ghuine Bissau an méid seo a leanas maidir le gníomhairí Ghuine Bissau a sholáthraíonn seirbhísí earcaíochta agus socrúcháin d'iascairí agus d'úinéirí soithí araon:

(a) ní bhainfidh siad úsáid as modhanna, sásraí nó liostaí arb é is aidhm dóibh iascairí a chosc fostaíocht a fháil nó an méid sin a dhíspreagadh;

(b) ní ghearrfaidh siad táillí ná costais eile ar iascairí, in airgead tirim ná i gcomhchineál, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, as na seirbhísí de chuid mhargadh an tsaothair a sholáthraíonn siad;

(c) ní dheonóidh siad iasachtaí agus ní sholáthróidh siad earraí ná seirbhísí don iascaire a mbeidh ar an iascaire iad a aisíoc nó íoc astu;

(d) ní bhainfidh siad amach as saothair an iascaire íocaíocht nó aisíocaíocht as iasachtaí, earraí nó seirbhísí a soláthraíodh sular fostaíodh an t-iascaire; agus

(e) áiritheoidh siad an méid seo a leanas:

(1) comhlíonann comhaontú fostaíochta an iascaire an Chaibidil seo, na dlíthe, na rialacháin agus na comhaontuithe cómhargála lena rialaítear comhaontú fostaíochta an iascaire;

(2) déantar comhaontú fostaíochta an iascaire a scríobh i dteanga a thuigeann an t-iascaire agus i dteanga oifigiúil nó oibre an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais lena mbaineann;

(3) cuirtear na hiascairí a fhostaítear ar an eolas, sula síneofar a gcomhaontú fostaíochta, faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí;

(4) déantar na bearta is gá lenar féidir le hiascairí a fhostaítear scrúdú a dhéanamh ar théarmaí a gcomhaontaithe fostaíochta agus comhairle a lorg ina leith sula síníonn siad é;

(5) faigheann iascairí a fhostaítear cóip shínithe dá gcomhaontú fostaíochta;

(6) comhlíonann iascairí a n-oibleagáidí faoin gCaibidil seo; agus

(7) faigheann úinéir an tsoithigh in am trátha cóip de gach duillín pá agus cruthúnas ar íocaíocht i gcás gach réiteach luacha saothair má íocann an gníomhaire an luach saothair.

Áiritheoidh údaráis Ghuine Bissau go n-áiritheoidh oifigigh náisiúnta a fhostaíonn iascairí atá ceaptha ar bord soithí iascaireachta de chuid an Aontais go léireofar i gcomhaontuithe fostaíochta na n-iascairí, a síníodh i dteannta na n-iascairí sin, go bhfuil siad fostaithe ag an ngníomhaire, d'fhonn iad a chur ar fáil d'úinéirí na soithí a shannfaidh cúraimí dóibh agus a dhéanfaidh maoirseacht ar chur i gcrích na gcúraimí sin.

De mhaolú ar phointe 6.2 (b), is é an t-iascaire a iompróidh na costais a bhaineann le leabhar mairnéalaigh, deimhniú leighis agus pas a fháil. Is é an fostóir a iompróidh na costais a bhaineann le víosa agus cead oibre a fháil, i gcás inarb infheidhme.

7. Comhlíonadh na Caibidle seo

Áiritheoidh údaráis inniúla an dá Pháirtí go mbeidh an reachtaíocht is infheidhme maidir le hiascairí inrochtana go héasca agus saor in aisce i bhfoirm chuimsitheach thrédhearcach.

Áiritheoidh údaráis Guine Bissau cur chun feidhme cuí na Caibidle seo i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá orthu faoin dlí idirnáisiúnta agus i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Chaibidil seo.

Áiritheoidh údaráis an Stáit brataí go gcuirfear Ranna 1, 2 agus 3 i bhfeidhm go cuí ar bord soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu. Feidhmeoidh siad a bhfreagracht i gcomhréir le Treoracha EIS maidir leis an iniúchadh ag an Stát brataí ar dhálaí maireachtála agus oibre ar bord soithí iascaireachta.

Déanfaidh an Comhchoiste comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Chaibidil seo a rialú.

CAIBIDIL IX

BREATHNÓIRÍ

1. Breathnóireacht ar na gníomhaíochtaí iascaireachta

Na soithí a bhfuil údarú iascaireachta acu, beidh siad faoi réir scéim chun breathnú ar a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanfar faoin gComhaontú.

Is éard atá i mbreathnóir aon duine atá údaraithe ag údarás náisiúnta atá freagrach as breathnú ar chur chun feidhme na rialacha is infheidhme maidir le hoibríochtaí iascaireachta nó as breathnú ar oibríochtaí den sórt sin chun críoch eolaíoch.

I gcás soithí tuinníní agus báid spiléireachta dromchla agus a mhéid a bhaineann le córas breathnóirí réigiúnacha a shainiú agus leis an eagraíocht inniúil iascaigh a roghnú, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile a luaithe is féidir, rachaidh siad i gcomhairle freisin leis na tíortha eile lena mbaineann a luaithe is féidir.

Tabharfaidh soithí eile breathnóir arna cheapadh ag Guine Bissau ar bord. Mura dtiocfaidh an breathnóir i láthair ag an am agus ag an áit a comhaontaíodh, ní mór duine eile a chur ina ionad ionas gur féidir leis an soitheach tús a chur lena ghníomhaíochtaí gan mhoill.

2. Soithí agus breathnóirí ainmnithe

Agus an t-údarú iascaireachta á eisiúint, cuirfidh Guine Bissau an tAontas agus úinéir an tsoithigh, nó a ghníomhaire, ar an eolas faoi na soithí agus na breathnóirí atá ainmnithe, chomh maith le faoi na hamanna a bheidh an breathnóir ar bord gach soithigh. Cuirfidh Guine Bissau Verde an tAontas agus úinéir an tsoithigh, nó a ghníomhaire, ar an eolas gan mhoill faoi aon athrú ar na soithí agus na breathnóirí ainmnithe.

Ní chaithfidh na breathnóirí níos mó ama ar bord an tsoithigh ná mar is gá chun a chúraimí a dhéanamh.

3. Ranníocaíocht airgeadais ar ráta comhréidh

Tráth a íocfar an muirear, íocfaidh úinéir an tsoithigh EUR 10 000 in aghaidh na bliana le Guine Bissau le haghaidh gach trálaeir, a choigeartófar *pro rata temporis* de réir fhad údarú iascaireachta na soithí ainmnithe.

4. Tuarastal an bhreathnóra

Is é Guine Bissau a iompróidh tuarastal agus ranníocaíochtaí sóisialta an bhreathnóra.

5. Coinníollacha bordála

Is mar oifigigh a dhéileálfar le breathnóirí ar bord. Mar sin féin, cuirfear struchtúr teicniúil an tsoithigh san áireamh maidir le cóiríocht an bhreathnóra ar bord.

Is é úinéir an tsoithigh a iompróidh costas na cóiríochta agus an bhia ar bord an tsoithigh.

Déanfaidh an captaen gach beart laistigh dá réimse freagrachta chun sábháilteacht fhisiceach agus folláine ghinearálta an bhreathnóra a áirithiú.

Beidh gach saoráid is gá ar fáil don bhreathnóir ionas gur féidir leis a chúraimí a dhéanamh. Beidh rochtain aige ar mhodhanna cumarsáide agus ar dhoiciméid a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an tsoithigh, go háirithe an logleabhar iascaireachta agus an loga loingseoireachta, agus ar na codanna den soitheach a bhaineann go díreach lena chúraimí.

6. Oibleagáid an bhreathnóra

Fad a bheidh an breathnóir ar bord, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh sé gach beart iomchuí ionas nach gcuirfear stop ná bac leis na hoibríochtaí iascaireachta;

(b) tabharfaidh sé urraim do na hearraí agus don trealamh atá ar bord;

(c) tabharfaidh sé urraim do rúndacht gach doiciméid ar leis an soitheach é.

7. An breathnóir a thabhairt ar bord agus a thabhairt i dtír

10 lá roimh an tabhairt ar bord, tabharfaidh úinéir an tsoithigh nó a ghníomhaire fógra do LFI Ghuine Bissau faoin dáta agus faoin am a thabharfar ar bord an breathnóir, mar aon leis an gcalafort bordála. I gcás ina dtabharfar an breathnóir ar bord i dtír eachtrach, is é úinéir an tsoithigh a iompróidh a chostais taistil chun an calafort bordála a bhaint amach.

I gcás nach dtabharfar an breathnóir i dtír i gcalafort de chuid Ghuine Bissau, is é úinéir an tsoithigh a iompróidh na costais a bhaineann leis an mbreathnóir a aisdúichiú chuig Guine Bissau a luaithe is féidir.

8. Cúraimí an bhreathnóra

Déanfaidh an breathnóir na cúraimí seo a leanas:

(a) breathnóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta an tsoithigh;

(b) suíomh an tsoithigh a dheimhniú le linn a chuid oibríochtaí iascaireachta;

(c) oibríochtaí a dhéanamh i gcomhthéacs clár eolaíoch, lena n-áirítear sampláil bhitheolaíoch;

(d) taifead a dhéanamh ar an trealamh iascaireachta a úsáidtear;

(e) sonraí na ngabhálacha a dhéantar i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau a thaifeadtar sa logleabhar iascaireachta a fhíorú;

(f) céatadáin na bhfoghabhálacha a fhíorú ar bhonn a bhfuil sainithe sna bileoga sonraí le haghaidh gach catagóire agus meastachán a dhéanamh ar na gabhálacha aischurtha;

(g) a mbarúlacha a chur in iúl uair sa lá i gcomhthéacs chur i gcrích a chúraimí, lena n-áirítear cainníocht na ngabhálacha agus na bhfoghabhálacha ar bord.

9. Tuarascáil ón mbreathnóir

Sula bhfágfaidh an breathnóir an soitheach, cuirfidh sé ráiteas ar a chuid barúlacha faoi bhráid chaptaen an tsoithigh. Beidh sé de cheart ag captaen an tsoithigh a bharúlacha a chur isteach. Déanfaidh an breathnóir agus an captaen araon an ráiteas a shíniú. Déanfaidh an breathnóir leagan bunaidh an ráitis agus an tuarascáil chríochnaitheach ar a mhisin, arna síniú agus arna stampáil go cuí ag captaen tsoithigh, a chur faoi bhráid údaráis Ghuine Bissau atá freagrach as rialú agus faireachas, díreach tar éis dó teacht i dtír, agus gheobhaidh an captaen sin cóip díobh ón mbreathnóir. Tarchuirfidh údaráis Ghuine Bissau cóip de na doiciméid uile chuig an Aontas.

FOSCRÍBHINNÍ

Foscríbhinn 1 – Foirm iarratais ar údarú iascaireachta

Foscríbhinn 2 – Bileoga sonraí de réir catagóire

Foscríbhinn 3 – Próiseáil sonraí pearsanta

Foscríbhinn 1

Foirm iarratais ar údarú iascaireachta

COMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA IASCAIGH
GUINE BISSAU - AN tAONTAS EORPACH

I. IARRATASÓIR

1. Ainm an iarratasóra:

2. Ainm na heagraíochta táirgeoirí nó ainm úinéir an tsoithigh:

3. Seoladh na heagraíochta táirgeoirí nó seoladh úinéir an tsoithigh:.....

4. Uimh. theileafóin: .....Meaisín facsála: .....Ríomhphost:

5. Ainm an chaptaein:..... Náisiúntacht: ...Ríomhphost:

6. Ainm agus seoladh an ghníomhaire áitiúil:.....

II. SONRAÍ AITHEANTAIS AN tSOITHIGH

7.Ainm an tsoithigh:.....

8.Stát brataí: ..... Calafort clárúcháin:.....

9.Marcáil sheachtrach:.....Uimhir aitheantais na seirbhíse muirí soghluaiste: .....

Uimh. IMO:.....

10.Dáta clárúcháin na brataí reatha (LL/MM/BBBB): ……*I*.....*I* .....

11.Bratach roimhe (más infheidhme):.....

12.Áit tógála:..... Dáta (LL/MM/BBBB): ……*I*.....*I*.....

13.Minicíocht glao raidió:..... HF: ..... VHF:.....

14.Uimhir teileafóin satailíte..... IRCS:.....

III.SONRAÍ TEICNIÚLA AN tSOITHIGH

15.Fad foriomlán an tsoithigh (méadair): ..... Leithead foriomlán (méadair): .....

16.Olltonnáiste cláraithe (arna shloinneadh in OTC):

17.Tonnáiste (arna shloinneadh in GT Londan).....

18.Cineál innill: ..... Cumhacht an innill (in kW): .....

19.Líon chomhaltaí an chriú: .....

20.Modh leasaithe ar bord: [ ] oighear [ ] fuarú [ ] measctha [ ] reo

21. Acmhainneacht phróiseála in aghaidh an lae (24u) i dtonaí:.....

Líon bolg éisc:..... Toilleadh iomlán na mbolg éisc (in m^3): .....

22.VMS. Mionsonraí maidir leis an ngaireas rianaithe uathoibríoch: .....

Monaróir: ..... Cineál: ..... Sraithuimhir: .....

Leagan an bhogearraí: …..... Oibreoir satailíte (MCSP): …..

IV. GNÍOMHAÍOCHT IASCAIREACHTA

1. REOTHRÁLAEIR IASC EITE, CEIFILEAPÓD AGUS SÉACLAÍ

An cineál tráil: **Éisc eite:**..... ☐ **Ceifileapóid:**..... ☐ **Séaclaí:**..... ☐

Fad an tráil:..... Fad an cheannrópa:.....

Méid an mhogaill i gcorp an lín: .....

Méid an mhogaill ar leathchliatháin an lín: .....

Luas trálaeireachta:.....

2. IASCAIREACHT PEILIGEACH MÓR (TUINNÍN)

Cleith agus dorú: ☐ Líon na gcleath: ……

Saighean: ☐ Fad an lín:.....Doimhneacht an lín:.....

Spiléar: ☐

Líon na n-umar:.....Toilleadh (ina thonaí): .....

3. IASCAIREACHT PEILIGEACH BEAG

Trál peiligeach: ☐

Fad an tráil:.....Fad an cheannrópa: .....

Méid an mhogaill i gcorp an lín: .....Méid an mhogaill ar leathchliatháin an lín:

Luas trálaeireachta:.....

Peas-saighean: ☐

Fad an lín:.....Doimhneacht an lín: .....

4. Áit tabhairt i dtír na ngabhálacha:.....

5. Iarrtar an ceadúnas le haghaidh na tréimhse ón (LL/MM/BBBB) .....

go dtí an (LL/MM/BBBB) .....

Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san iarratas seo fíor agus ceart agus go bhfuilim á tabhairt de mheon macánta.

Arna dhéanamh i/in/sa/san..... , an ……/…..…/…….

Síniú an iarratasóra: .....

Foscríbhinn 2

Bileoga sonraí de réir catagóire

BILEOG 1

CATAGÓIR IASCAIREACHTA 1 — REOTHRÁLAEIR IASC EITE AGUS CEIFILEAPÓD

1. Limistéar iascaireachta:	
Níos faide ná 12 mhuirmhíle ón mbunlíne, lena n-áirítear an limistéar comhbhainistíochta idir Guine Bissau agus an tSeineagáil, uaidh sin ó thuaidh go dtí asamat 268°.	
2. Trealamh údaraithe:	
Ceadaítear tráil dobharchú chaighdeánacha agus trealamh roghnaitheach eile. Ceadaítear rigíní seachtracha. Ní ceadmhach aon mhodh ná gaireas a úsáid, i gcás aon cineál trealaimh iascaireachta, lena bhféachtar bac a chur ar mhogall na líonta nó arb é an toradh air a n-éifeacht roghnaitheach a laghdú. Mar sin féin, ar mhaithe le caitheamh nó damáiste a laghdú, féadfar naprúin chosanta líontáin nó aon ábhar eile a cheangal, ach ní fhéadfar iad a cheangal ach leis an taobh íochtair de shoc-fhoircinn trál grinnill. Ní fhéadfar na naprúin sin a cheangal ach le himill tosaigh agus cliathánacha de shoc-fhoircinn na dtrál. Ceadaítear gairis chosanta a úsáid ar an taobh uachtair de thráil ar choinníoll gurb éard atá iontu cuid aonair de líon atá déanta as an ábhar céanna leis an soc-fhoirceann agus dá bhfuil an mogalra rite 300 milliméadar ar a laghad ar fad. Toirmisctear snáth eangaí shoc-fhoircinn na dtrál a dhúbailt, bíodh sé sin singil nó iolrach.	
3. Mogallmhéid íosta údaraithe:	
70 mm	
4. Foghabhálacha:	
Faoin gcóras bainistithe de réir iarrachta, ar bhonn an OTC, ní fhéadfaidh soithí crústaigh a bheith ar bord acu ar mó iad ná 5 % den ghabháil iomlán a rinneadh i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau ag deireadh turais iascaireachta. Féadfar scuideanna (*Todarodes sagittatus* agus *Todaropsis eblanae*) a ghabháil agus a áireamh i measc na spriocspeiceas. Tar éis an aistrithe chuig córas bainistithe de réir teorainn gabhála ar bhonn an TAC, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile laistigh den Chomhchoiste chun na rátaí údaraithe na bhfoghabhálacha a chinneadh, ar bhonn moladh ón gComhchoiste Eolaíoch. Gearrfar pionós ar aon sárú ar na céatadáin údaraithe foghabhálacha i gcomhréir le rialacháin Ghuine Bissau.	
5. Tonnáiste údaraithe/muirir:	
5.1 Tonnáiste údaraithe sa chóras bainistithe de réir iarrachta (ar bhonn an OTC)	3 500 OTC in aghaidh na bliana

5.2 muirir in EUR in aghaidh an OTC sa chóras bainistithe de réir iarrachta	EUR 310/OTC in aghaidh na bliana I gcás údaruithe 3 mhí nó 6 mhí, déanfar na muirir a ríomh *pro rata temporis* agus déanfar iad a mhéadú 4 % nó 2,5 % faoi seach.

BILEOG 2

CATAGÓIR IASCAIREACHTA 2 — TRÁLAEIR SÉACLAÍ

1.	Limistéar iascaireachta:
Níos faide ná 12 mhuirmhíle ón mbunlíne, lena n-áirítear an limistéar comhbhainistíochta idir Guine Bissau agus an tSeineagáil, uaidh sin ó thuaidh go dtí asamat 268°.	
2.	Trealamh údaraithe:
Ceadaítear tráil dobharchú chaighdeánacha agus trealamh roghnaitheach eile. Ceadaítear rigíní seachtracha. Ní ceadmhach aon mhodh ná gaireas a úsáid, i gcás aon cineál trealaimh iascaireachta, lena bhféachtar bac a chur ar mhogall na líonta nó arb é an toradh air a n-éifeacht roghnaitheach a laghdú. Mar sin féin, ar mhaithe le caitheamh nó damáiste a laghdú, féadfar naprúin chosanta líontáin nó aon ábhar eile a cheangal, ach ní fhéadfar iad a cheangal ach leis an taobh íochtair de shoc-fhoircinn trál grinnill. Ní fhéadfar na naprúin sin a cheangal ach le himill tosaigh agus cliathánacha de shoc-fhoircinn na dtrál. Ceadaítear gairis chosanta a úsáid ar an taobh uachtair de thráil ar choinníoll gurb éard atá iontu cuid aonair de líon atá déanta as an ábhar céanna leis an soc-fhoirceann agus dá bhfuil an mogalra rite 300 milliméadar ar a laghad ar fad. Toirmisctear snáth eangaí shoc-fhoircinn na dtrál a dhúbailt, bíodh sé sin singil nó iolrach.	
3.	Mogallmhéid íosta údaraithe:
50 mm	
4.	Foghabhálacha:
I gcás soithí séaclaí, ní fhéadfaidh siad ceifileapóid a bheith ar bord acu ar mó iad ná 15 %, ná éisc a bheith ar bord acu ar mó iad ná 70 %, den ghabháil iomlán a rinneadh i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau ag deireadh turais iascaireachta. Gearrfar pionós ar aon sárú ar na céatadáin údaraithe foghabhálacha i gcomhréir le rialacháin Ghuine Bissau. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile laistigh den Chomhchoiste chun an ráta údaraithe foghabhálacha a choigeartú ar bhonn moladh ón gComhchoiste Eolaíoch.	
5.	Tonnáiste údaraithe/muirir:
5.1 Tonnáiste údaraithe sa chóras bainistithe de réir iarrachta (ar bhonn an OTC)	3 700 OTC in aghaidh na bliana
5.2 muirir in EUR in aghaidh an OTC sa chóras bainistithe de réir iarrachta	EUR 434/OTC in aghaidh na bliana I gcás údaruithe 3 mhí nó 6 mhí, déanfar na muirir a ríomh *pro rata temporis* agus déanfar iad a mhéadú 4 % nó 2,5 % faoi seach.

BILEOG 3

CATAGÓIR IASCAIREACHTA 3 — SOITHÍ TUINNÍNÍ CLEITHE AGUS DORÚ

1.	Limistéar iascaireachta:
Níos faide ná 12 mhuirmhíle ón mbunlíne, lena n-áirítear an limistéar comhbhainistíochta idir Guine Bissau agus an tSeineagáil, uaidh sin ó thuaidh go dtí asamat 268°. Beidh soithí tuinníní cleithe agus dorú údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar bhaoite beo chun dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau.	
2.	Trealamh údaraithe:
2.1. 2.2.	Cleitheanna Líon timpeallaithe saighne le baoite beo: 16 mm.
3.	Foghabhálacha:
I gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine agus le rúin ábhartha CITAC, tá toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar an liamhán gréine (*Cetorhinus maximus*), an siorc bán mór (*Carcharodon carcharías*), an siorc súisteála mórshúileach (*Alopias superciliosus*), siorcanna ceann casúir san fhine *Sphyrnidae* (seachas an siorc ceann casúir), an siorc bán aigéanach (*Carcharhinus longimanus*) agus an síodsiorc (*Carcharhinus falciformis*). Toirmisctear iascaireacht a dhéanamh ar an siorc tíograch gainimh (*Carcharias taurus*) agus ar an ngearrthóir (*Galeorhinus galeus*). Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile laistigh den Chomhchoiste chun an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn moltaí eolaíocha.	
4.	Tonnáiste údaraithe/muirir:
4.1.	Réamhíocaíocht bhliantúil ar ráta comhréidh — EUR 3 600 le haghaidh 51,43 tona in aghaidh an tsoithigh
4.2.	Muirear breise in aghaidh an tona a ghabhtar — EUR 70/t
4.3.	An líon soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh — 13 shoitheach

BILEOG 4

CATAGÓIR IASCAIREACHTA 3 — REOSHOITHIGH SAIGHNE TUINNÍNÍ AGUS BÁID SPILÉIREACHTA

1.	Limistéar iascaireachta:	
Níos faide ná 12 mhuirmhíle ón mbunlíne, lena n-áirítear an limistéar comhbhainistíochta idir Guine Bissau agus an tSeineagáil, uaidh sin ó thuaidh go dtí asamat 268°.		
2.	Trealamh údaraithe:	
Saighean agus spiléar dromchla		
3.	Foghabhálacha:	
I gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine agus le rúin ábhartha CITAC, tá toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar an liamhán gréine (*Cetorhinus maximus*), an siorc bán mór (*Carcharodon carcharías*), an siorc súisteála mórshúileach (*Alopias superciliosus*), siorcanna ceann casúir san fhine *Sphyrnidae* (seachas an siorc ceann casúir), an siorc bán aigéanach (*Carcharhinus longimanus*) agus an síodsiorc (*Carcharhinus falciformis*). Toirmisctear iascaireacht a dhéanamh ar an siorc tíograch gainimh (*Carcharias taurus*) agus ar an ngearrthóir (*Galeorhinus galeus*). Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile laistigh den Chomhchoiste chun an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn moltaí eolaíocha.		
4.	Tonnáiste údaraithe/muirir:	
4.1.	Réamhíocaíocht bhliantúil ar ráta comhréidh	EUR 5 500 a chomhfhreagraíonn do 68,75 tona in aghaidh an tsoithigh saighne ar feadh an chéad dá thréimhse cur i bhfeidhm an Phrótacail agus 64,71 tona in aghaidh an tsoithigh saighne ar feadh na dtréimhsí cur i bhfeidhm ina dhiaidh sin EUR 3 600 le haghaidh 51,43 tona in aghaidh an bháid spiléireachta
4.2.	Muirear breise in aghaidh an tona a ghabhtar	EUR 80 in aghaidh an tona i gcás soithí tuinníní ar feadh an chéad dá thréimhse cur i bhfeidhm an Phrótacail agus EUR 85 in aghaidh an tona i gcás soithí tuinníní ar feadh na dtréimhsí cur i bhfeidhm ina dhiaidh sin EUR 70 in aghaidh an tona i gcás báid spiléireachta
4.3.	Muirir is infheidhme maidir le soithí tacaíochta	EUR 5 000 in aghaidh na bliana in aghaidh an tsoithigh
4.4.	An líon soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh	28 soitheach

BILEOG 5

CATAGÓIR IASCAIREACHTA 5 — SOITHÍ IASCAIREACHTA PEILIGEACH BEAG

1.	Limistéar iascaireachta:
Níos faide ná 12 mhuirmhíle ón mbunlíne, lena n-áirítear an limistéar comhbhainistíochta idir Guine Bissau agus an tSeineagáil, uaidh sin ó thuaidh go dtí asamat 268°.	
2.	Soithí agus trealamh údaraithe:
2.1.	Ní údarófar ach soithí a bhfuil toilleadh 5 000 GT nó níos lú acu i gcomhréir le reachtaíocht Ghuine Bissau.
2.2.	Is iad an trál peiligeach agus an peas-saighean tionsclaíoch an trealamh atá údaraithe.
3.	Mogallmhéid íosta údaraithe:
70 mm i gcás trál.	
4.	Foghabhálacha:

I gcás trálaer, ní fhéadfaidh siad éisc seachas peiligigh a bheith ar bord acu ar mó iad ná 10 %, ceifileapóid a bheith ar bord acu ar mó iad ná 10 %, ná crústaigh a bheith ar bord acu ar mó iad ná 5 %, den ghabháil iomlán a rinneadh i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau ag deireadh turais iascaireachta.

Gearrfar pionós ar aon sárú ar na céatadáin údaraithe foghabhálacha i gcomhréir le rialacháin Ghuine Bissau.

Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile laistigh den Chomhchoiste chun an ráta údaraithe foghabhálacha a choigeartú ar bhonn moladh ón gComhchoiste Eolaíoch.

5.	Tonnáiste údaraithe/muirir:
5.1 Tonnáiste údaraithe i gcóras bainistithe de réir teorainn gabhála (ar bhonn an TAC)	0 tona in aghaidh na bliana
5.2 Muirir in EUR in aghaidh an tona i gcóras bainistithe de réir teorainn gabhála (ar bhonn an TAC)	Le cinneadh

Sainmhíniú ar thuras iascaireachta:

Sainmhíneofar fad turais iascaireachta a dhéanann soitheach de chuid an Aontais chun críocha na Foscríbhinne seo mar a leanas:

– an tréimhse a chaitear idir dul isteach i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau agus imeacht as, nó

– an tréimhse a chaitear idir dul isteach i limistéar iascaireachta Ghuine Bissau agus trasloingsiú,

– an tréimhse a chaitear idir dul isteach i limistéar iascaireachta agus tabhairt i dtír i nGuine Bissau.

Foscríbhinn 3

Próiseáil sonraí pearsanta

1. Sainmhínithe agus raon feidhme

1.1 Sainmhínithe

Chun críocha na Foscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 2 den Chomhaontú um Iascach agus ag na sainmhínithe seo a leanas:

– ciallaíonn ‘sonraí pearsanta’ aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta (dá ngairtear ‘ábhar sonraí’ anseo feasta); is é is in-sainaitheanta ann duine nádúrtha is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d’aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh;

– ciallaíonn ‘próiseáil’ aon oibríocht nó tacar oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú;

– ciallaíonn ‘údarás aistrithe’ an t-údarás poiblí a sheolann sonraí pearsanta;

– ciallaíonn ‘údarás is faighteoir’ an t-údarás poiblí dá nochtar na sonraí pearsanta;

– ciallaíonn ‘sárú i ndáil le sonraí’ sárú ar shlándáil as a dtagann díothú, cailleadh, athrú nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó go neamhdhleathach;

– ciallaíonn ‘aistriú ar aghaidh’ nuair a aistríonn Páirtí is faighteoir sonraí pearsanta go heintiteas nach Páirtí is sínitheoir sa Phrótacal seo é (‘tríú páirtí’);

– ciallaíonn ‘údarás maoirseachta’ údarás poiblí neamhspleách atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Airteagail seo, chun cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta.

1.2 Raon feidhme

Is iad na daoine a mbaineann an Prótacal seo leo, go háirithe, daoine nádúrtha ar leo soithí de chuid an Aontais, a n-ionadaithe, an captaen agus an criú atá ag fónamh ar bord soithí de chuid an Aontais a oibríonn faoin bPrótacal seo.

Maidir le cur chun feidhme an Phrótacail seo, go háirithe maidir le hiarratais ar dheonú, faireachán ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus an comhrac in aghaidh na hiascaireachta neamhdhleathaí, d’fhéadfaí na sonraí seo a leanas a mhalartú agus a phróiseáil tráth is déanaí:

– sonraí aitheantais agus teagmhála an tsoithigh;

– gníomhaíochtaí soithigh nó gníomhaíochtaí a bhaineann le soitheach, a shuíomh agus a chuid gluaiseachtaí, a ghníomhaíocht iascaireachta nó a ghníomhaíocht a bhaineann leis an iascaireacht, arna mbailiú trí sheiceálacha, trí iniúchtaí nó ag breathnóirí;

– sonraí a bhaineann le húinéir(í) an tsoithigh nó lena (n-)ionadaí, amhail ainm, náisiúntacht, sonraí teagmhála gairmiúla agus cuntas bainc gairmiúil,

– sonraí a bhaineann leis an ngníomhaire áitiúil, amhail ainm, náisiúntacht agus sonraí teagmhála gairmiúla,

– sonraí a bhaineann leis na captaein agus le baill den chriú, amhail ainm, náisiúntacht, feidhm agus, i gcás an chaptaein, a shonraí teagmhála,

– sonraí a bhaineann leis na hiascairí a thugtar ar bord, amhail ainm, sonraí teagmhála, oiliúint, deimhniú sláinte.

1.3 Údaráis atá freagrach

Is iad na húdaráis atá freagrach as na sonraí a phróiseáil, an Coimisiún Eorpach agus údarás an Bhallstáit brataí i gcás an Aontais, de pháirt, agus an t-údarás inniúil arna ainmniú ag Guine Bissau, den pháirt eile

2. Ráthaíochtaí i ndáil le cosaint sonraí pearsanta

2.1 Teorannú an chuspóra agus íoslaghdú na sonraí

Na sonraí pearsanta arna n-iarraidh agus arna n-aistriú faoin bPrótacal seo, beidh siad leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun an Prótacal a chur chun feidhme, i.e. chun údaruithe iascaireachta a phróiseáil agus chun rialú agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a dhéanann soithí de chuid an Aontais. Ní dhéanfaidh na Páirtithe sonraí pearsanta a mhalartú faoin bPrótacal seo ach amháin chun na gcríoch sonrach a leagtar amach sa Phrótacal.

Ní dhéanfar na sonraí a fhaightear a phróiseáil chun críoch seachas iad siúd thuasluaite, nó sa chás sin déanfar iad a anaithnidiú.

Arna iarraidh sin, cuirfidh an t-údarás is faighteoir an t-údarás aistrithe ar an eolas gan mhoill faoi úsáid na sonraí arna seoladh.

2.2 Beachtas

Áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh na sonraí pearsanta arna n-aistriú faoin bPrótacal seo cruinn, cothrom le dáta agus, i gcás inarb infheidhme, go ndéanfar iad a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta de réir na faisnéise atá ag an údarás aistrithe. Má thugann ceann de na Páirtithe faoi deara go bhfuil na sonraí pearsanta arna n-aistriú nó arna bhfáil míchruinn, cuirfidh sé an Páirtí eile ar aon eolas faoi sin gan mhoill agus déanfaidh sé iad a cheartú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá.

2.3 Stóráil a theorannú

Ní choimeádfar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun na críche ar chuici a malartaíodh iad, coimeádfar iad ar feadh bliana tar éis dhul in éag an Phrótacail seo ar a mhéad, mura rud é go bhfuil na sonraí pearsanta riachtanach chun obair leantach a dhéanamh maidir le sárú, iniúchadh nó imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin. Sa chás sin, féadfar na sonraí a choimeád chomh fada agus is gá chun an obair leantach a dhéanamh maidir leis an sárú nó maidir leis an iniúchadh nó go dtí go gcuirfear clabhsúr críochnaitheach ar na himeachtaí breithiúnacha nó riaracháin.

Má dhéantar na sonraí pearsanta a choimeád ar feadh tréimhse níos faide, déanfar iad a anaithnidiú.

2.4 Slándáil agus rúndacht

Déanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach lena n-áiritheofar a slándáil iomchuí, agus rioscaí sonracha a bhaineann leis an bpróiseáil á gcur san áireamh, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scriosadh nó damáiste de thaisme. Tabharfaidh na húdaráis atá i gceannas ar an bpróiseáil aghaidh ar aon sárú i ndáil le sonraí agus déanfaidh siad gach beart is gá chun aon éifeacht dhiúltach fhéideartha a bhaineann le sárú i ndáil le sonraí pearsanta a leigheas agus chun na héifeachtaí diúltacha a

d'fhéadfadh a bheith aige a mhaolú. Tabharfaidh an t-údarás is faighteoir fógra faoin sárú sin don údarás aistrithe a luaithe is féidir agus cuirfidh siad an comhar tráthúil is gá ar fáil dá chéile ionas gur féidir le gach ceann de na húdaráis sin a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh, ar oibleagáidí iad a eascraíonn as sárú i ndáil le sonraí pearsanta faoina gcreat dlíthiúil náisiúnta.

Geallann na Páirtithe bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an phróiseáil forálacha an Phrótacail seo.

2.5 Ceartú nó léirscriosadh

Áiritheoidh na Páirtithe go ndéanfaidh an t-údarás aistrithe agus an t-údarás is faighteoir gach beart réasúnta chun a áirithiú go ndéanfar sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh gan mhoill, de réir mar is infheidhme, i gcás nach gcomhlíonann an phróiseáil forálacha an Phrótacail seo, go háirithe toisc nach bhfuil na sonraí sin leordhóthanach, ábhartha, nó cruinn nó toisc go bhfuil siad iomarcach i ndáil le cuspóir na próiseála.

Ní mór do na Páirtithe fógra a thabhairt dá chéile faoi aon cheartú nó léirscriosadh.

2.6 Trédhearcacht

Áiritheoidh na Páirtithe go gcuirfear na hábhair sonraí ar an eolas, trí bhíthin fógra aonair chomh maith leis an gcomhaontú seo a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin, faoi na catagóirí sonraí a aistreofar agus a phróiseálfar a thuilleadh, an bealach a ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil, an uirlis ábhartha arna húsáid le haghaidh an aistrithe, cuspóir na próiseála, tríú páirtithe nó catagóirí tríú páirtithe a bhféadfar an fhaisnéis a aistriú chucu a thuilleadh, na cearta aonair agus na sásraí atá ar fáil chun a gcearta a fheidhmiú agus sásamh a fháil, chomh maith leis na sonraí teagmhála chun díospóid nó gearán a thionscnamh.

2.7 Aistriú ar aghaidh

Ní aistreoidh an t-údarás is faighteoir sonraí pearsanta arna bhfáil faoin bPrótacal seo chuig tríú páirtí atá bunaithe i dtír seachas na Ballstáit bhrataí ach amháin i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin, is é sin cuspóir tábhachtach ar mhaithe le leas an phobail, a aithnítear freisin sa chreat dlíthiúil is infheidhme maidir leis an údarás aistrithe, agus ina gcomhlíontar ceanglais eile na Foscríbhinne (go háirithe a mhéid a bhaineann le teorannú an chuspóra agus íoslaghdú na sonraí); agus

– i gcás ina dtairbhíonn an tír ina bhfuil an tríú páirtí lonnaithe nó an tír ina bhfuil an eagraíocht idirnáisiúnta lonnaithe de chinneadh leordhóthanachta arna ghlacadh ag an gCoimisiún Eorpach de bhun Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2016/679 (cinneadh leordhóthanachta) lena gcumhdaítear an t-aistriú ar aghaidh; nó

– i gcásanna sonracha, i gcás inar gá aistriú den sórt sin chun go gcomhlíonfaidh an t-údarás aistrithe a oibleagáidí i leith eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh nó eagraíochtaí réigiúnacha iascaigh; nó

– i gcásanna eisceachtúla agus i gcás ina meastar gur gá sin, geallann an tríú páirtí nach bpróiseálfaidh sé na sonraí ach amháin le haghaidh an chuspóra shonraigh/na gcuspóirí sonracha ar chucu a aistríodh a thuilleadh iad agus go léirscriosfaidh sé iad láithreach bonn a luaithe nach mbeidh gá a thuilleadh leis an bpróiseáil chun na críche sin.

3. Cearta na n-ábhar sonraí

3.1 Rochtain ar shonraí pearsanta

Arna iarraidh sin d'ábhar sonraí, ní mór don údarás is faighteoir an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a dhearbhú don ábhar sonraí an bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leis á bpróiseáil nó nach bhfuil;

– faisnéis a sholáthar faoi chuspóir na próiseála, na catagóirí sonraí pearsanta, an tréimhse coinneála sonraí (más féidir), an ceart chun ceartúchán/scriosadh a iarraidh, an ceart chun gearán a dhéanamh, etc.;

– cóip de na sonraí pearsanta a sholáthar;

– faisnéis ghinearálta a sholáthar faoi na ráthaíochtaí is infheidhme.

3.2 Sonraí pearsanta a cheartú

Arna iarraidh sin d'ábhar sonraí, ceartóidh an t-údarás is faighteoir a shonraí pearsanta atá neamhiomlán, míchruinn nó imithe i léig.

3.3 Sonraí pearsanta a scriosadh

Arna iarraidh sin d'ábhar sonraí, ní mór don údarás is faighteoir an méid seo a leanas a dhéanamh:

– sonraí pearsanta a bhaineann leis a scriosadh, ar sonraí iad a próiseáladh ar bhealach nach bhfuil i gcomhréir leis na ráthaíochtaí a leagtar amach sa Phrótacal seo;

– sonraí pearsanta a bhaineann leis a scriosadh, ar sonraí iad nach bhfuil gá leo a thuilleadh chun na gcríoch ar chucu a próiseáladh iad go dleathach.

– scor de phróiseáil na sonraí pearsanta má dhéanann an t-ábhar sonraí agóid ina haghaidh ar chúiseanna a bhaineann lena chás féin, murab ann do chúiseanna dlisteanacha tathantacha maidir leis an bpróiseáil a bhfuil sáraíocht aige ar leasanna, cearta agus saoirsí an ábhair sonraí.

3.4 Rialacha mionsonracha

Tabharfaidh an t-údarás is faighteoir freagra, laistigh de thréimhse réasúnta agus in am trátha, agus i ngach cás, laistigh de mhí amháin tar éis an iarratais, ar iarratas ó ábhar sonraí a bhaineann le rochtain ar a shonraí pearsanta, iad a cheartú agus a léirscriosadh. Féadfaidh an t-údarás is faighteoir bearta iomchuí a dhéanamh, amhail táillí réasúnta a thobhach chun costais riaracháin a chumhdach nó diúltú d'iarratas ar follasach go bhfuil sé gan bhunús nó iomarcach.

I gcás freagra diúltach ar iarratas ón ábhar sonraí, ní mór don údarás is faighteoir é a chur ar an eolas faoi na cúiseanna leis an diúltú sin.

3.5 Teorannú

Féadfar na cearta thuas a theorannú má dhéantar foráil maidir le teorannú den sórt sin sa dlí agus má tá sé riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh.

Féadfar na cearta sin a theorannú freisin chun feidhm faireacháin, chigireachta nó rialála a choimirciú, ar feidhm í a bhaineann, fiú go hócáideach, le feidhmiú údaráis oifigiúil.

Faoi na coinníollacha céanna, féadfar iad a theorannú freisin chun an t-ábhar sonraí a chosaint nó ar mhaithe le cearta agus saoirsí daoine eile.

4. Leigheas agus faireachán neamhspleách

4.1 Faireachán neamhspleách

Déanfaidh comhlacht seachtrach nó inmheánach a dhéanann faireachán neamhspleách agus ag a bhfuil cumhachtaí imscrúdaitheacha agus leighis faireachán neamhspleách ar chomhlíontacht na próiseála sonraí pearsanta leis an bPrótacal seo.

4.2 Údaráis mhaoirseachta

I gcás an Aontais, is é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) a dhéanfaidh an faireachán sin, i gcás ina dtagann an phróiseáil faoi inniúlacht an Choimisiúin nó is iad údaráis mhaoirseachta náisiúnta an Aontais um chosaint sonraí a dhéanfaidh é i gcás ina dtagann an phróiseáil faoi inniúlacht an Bhallstáit brataí, agus i gcás Ghuine Bissau, is é an t-údarás inniúil ainmnithe a dhéanfaidh é.

Maidir le gearáin ó ábhair sonraí i dtaca le próiseáil a sonraí pearsanta faoin bPrótacal seo, déanfaidh na húdaráis thuasluaite iad a phróiseáil agus a réiteach ar bhealach éifeachtach tráthúil.

4.3 An ceart chun leighis

Áiritheoidh gach Páirtí, ina dhlíchóras, go bhféadfaidh ábhar sonraí a mheasann nár chomhlíon údarás na coimircí a leagtar amach in Airteagal 14 agus san Fhoscríbhinn seo, nó a mheasann gur ndearnadh sárú i dtaobh a shonraí pearsanta, cúiteamh a lorg ón údarás sin a mhéid a cheadaítear leis na forálacha dlí is infheidhme os comhair cúirte nó comhlacht coibhéiseach.

Go sonrach, féadfar aon ghearán in aghaidh ceachtar den dá údarás a chur faoi bhráid MECS, i gcás an Choimisiúin Eorpaigh, agus faoi bhráid an údaráis inniúil arna ainmniú ag Guine Bissau, i gcás Ghuine Bissau. Ina theannta sin, féadfar gearáin áirithe ina aghaidh ceachtar den dá údarás a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcás an Choimisiúin Eorpaigh, agus os comhair chúirteanna Ghuine Bissau, i gcás Ghuine Bissau.

I gcás ina gcuirfidh ábhar sonraí díospóid nó gearán isteach i ndáil le próiseáil a shonraí pearsanta in aghaidh an údaráis aistrithe, in aghaidh an údaráis is faighteoir nó in aghaidh an dá údarás araon, cuirfidh na húdaráis a chéile ar an eolas faoi na díospóidí nó na gearáin sin agus déanfaidh siad gach iarracht an díospóid nó an gearán a réiteach go cairdiúil a luaithe is féidir.

4.4 Nochtadh

Coinneoidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi aon ghearán a gheobhaidh siad maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin bPrótacal seo agus maidir lena réiteach.

5. Athbhreithniú

Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi athruithe ar a reachtaíocht a dhéanann difear do phróiseáil sonraí pearsanta. Déanfaidh gach Páirtí athbhreithnithe tréimhsiúla ar a bheartais agus nósanna imeachta féin lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 14 agus an Fhoscríbhinn seo, agus arna iarraidh réasúnta sin do Pháirtí amháin, déanfaidh an Páirtí eile athbhreithniú ar a bheartais agus nósanna imeachta maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun a fhíorú agus a dheimhniú go bhfuil na coimircí dá bhforáiltear in Airteagal 14 agus san Fhoscríbhinn seo á gcur chun feidhme go héifeachtach. Cuirfear torthaí an athbhreithnithe in iúl don Pháirtí iarrthach.

Más gá, tiocfaidh siad ar chomhaontú sa Chomhchoiste maidir leis na leasuithe is gá a dhéanamh ar an Iarscríbhinn seo.

6. An t-aistriú a chur ar fionraí

Féadfaidh an Páirtí aistrithe aistriú sonraí pearsanta a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh i gcás nach n-éiríonn leis na Páirtithe díospóidí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta a réiteach go cairdiúil i gcomhréir leis an bhFoscríbhinn seo go dtí go measfaidh sé go bhfuil an t-ábhar réitithe go sásúil ag an bPáirtí is faighteoir. Leanfar de shonraí a aistríodh cheana a phróiseáil i gcomhréir leis an bhFoscríbhinn seo.

IARSCRÍBHINN 2

AN NÓS IMEACHTA MAIDIR LE FORMHEAS A DHÉANAMH AR NA LEASUITHE AR AN bPRÓTACAL ATÁ LE GLACADH AG AN gCOMHCHOISTE

I gcás ina n-iarrfar ar an gComhchoiste leasuithe ar an bPrótacal a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau agus i gcomhréir le hAirteagal 16 den Phrótacal, údarófar don Choimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi na coinníollacha seo a leanas:

1. Maidir leis an bhformheas a dhéanfar thar ceann an Aontais, áiritheoidh an Coimisiún:

   (a) go mbeidh sé i gcomhréir le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh;

   (a) go mbeidh sé comhsheasmhach leis na rialacha ábhartha arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus go gcuirfear san áireamh ann an comhbhainistiú a dhéanann Stáit chósta;

   (b) go gcuirfear san áireamh ann an fhaisnéis staidrimh, an fhaisnéis bhitheolaíoch agus an fhaisnéis ábhartha eile is déanaí arna tarchur chuig an gCoimisiún.

2. Sula ndéanfaidh an Coimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle iad in am trátha roimh chruinniú ábhartha an Chomhchoiste.

3. Déanfaidh an Chomhairle measúnú féachaint an gcomhlíontar na critéir a leagtar síos i bpointe 1 den Iarscríbhinn seo leis na leasuithe atá beartaithe.

4. Mura ndéanfaidh líon áirithe Ballstát agóid in aghaidh na leasuithe atá beartaithe, líon is comhionann le mionlach blocála na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, formheasfaidh an Coimisiún iad, thar ceann an Aontais. I gcás ina bhfuil mionlach blocála den sórt sin ann, diúltóidh an Coimisiún do na leasuithe atá beartaithe thar ceann an Aontais.

5. Más rud é, le linn cruinnithe den Chomhchoiste a thionólfar ina dhiaidh sin, nach féidir teacht ar chomhaontú, lena n-áirítear comhaontú ar an láthair, cuirfear an cheist ar ais chuig an gComhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointí 2 go 4, chun go gcuirfear tosca nua san áireamh i seasamh an Aontais.

6. Iarrtar ar an gCoimisiún aon bheart is gá a dhéanamh, in am trátha, chun obair leantach a dhéanamh ar chinneadh an Chomhchoiste, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an cinneadh ábhartha a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus aon togra is gá a chur in iúl chun an Cinneadh sin a chur chun feidhme.

A mhéid a bhaineann le hábhair eile nach mbaineann le leasuithe ar an bPrótacal i gcomhréir le hAirteagal 10 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau agus i gcomhréir le hAirteagal 16 den Phrótacal, déanfar an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhchoiste a chinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus le cleachtais oibre sheanbhunaithe.